Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Tuarascáil Bhliantúil 2011—2012

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta | Department of Education and Science

HEA
Higher Education Authority
An tÚdarás um Ard-Oideachas

ENTERPRISE IRELAND

Clár an Ábhair

Tuarascáil an Chathaoirligh 3
Tuarascáil an Uachtaráin 4
An Bord Rialaithe 5
An Chomhairle Acadúil 7
Bainistíocht Shinsearach 10
Tuarascáil ar Fhorbairtí 12
Oifig na nEastát 33
An Scoil Ghnó agus Staidéir Shóisialta 37
Scoil na hInnealtóireachta & na Foirgníochta 39
Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta 42
Tuarascáil Leabharlainne 44
Cláracha 46
Scrúdaitheoirí Seachtracha 50
Staitisticí na Mac Leinn 57
Tuarascáil ar Sheirbhísí do Mhic Léinn 62
Tuarascáil ar Acmhainní Daonna 68
Tuarascáil Airgeadais 69
Dualgaisí & Fógraí Reachtúla 73
Scéala Eile 75

The Institute acknowledges the contribution of the Department of Education and Science and the European Union for their support and funding.

Gabhann an Coláiste míle buíochas leis Rionn Oideachais agus Eolaíochta agus leis Aontas Eorpach as ucht a dtacaíochta idir airgid agus eile.

Tuarascáil an Chathaoirligh

Bliain rathúil eile ab ea 2011/2012 d'Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí.

Thar ceann an Bhord Rialaithe ba mhaith liom an deis seo a thapú agus aitheantas a thabhairt da bhfuil déanta don Institiúid ag an bhainistíocht agus ag an bhfoireann chun a chinntiú go leanfaidh IT, Trá Lí uirthi ag dul ó neart go neart. Leanadh d'fhorbairt na hInstitiúide le faomhadh ón Bhord Rialaithe cead a thabhairt di iarratas a dhéanamh ar ainmniú mar Ollscoil Theicneolaíchta na Mumhan i dteannta le hIT, Corcaigh. Mar thoradh ar Ollscoil Theicneolaíochta a bheith i gCiarraí cuirtear le deiseanna san earnáil Tríú Leibhéil agus neartófar an contae agus an réigiún san iomlán.

Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an Dr Oliver Murphy thar an 12 mhí amach romhainn chun IT, Trá Lí a stiúradh tríd an tréimhse dhúshlánach seo atá romhainn in earnáil an oideachais faoi láthair.

Tá súil agam go leanfaimid orainn ag fás agus ag forbairt sna blianta atá romhainn agus go mbeidh torthaí breátha ár saothair againn i gcónaí.

Flan Garvey
Cathaoirleach

Tuarascáil an Uachtaráin



Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na bliana 2011/2012 a chur os bhur gcomhair.

Déanann foilsiú na Straitéise Náisiúnta don Ardoideachas foráil do chineál ollscoile nua—ollscoil theicneolaíochta. Beidh ollscoil mar seo ag díriú go córasach ar chéimithe a ullmhú do rólanna gairme coimpléascacha i ndomhan teicneolaíochta atá ag athrú de shíor. Cuirfidh sé eolas trí thaighde agus scolaireacht chun cinn agus scaipfidh sé an t-eolas seo chun freastal ar riachtanais an tsochaí agus fiontair. Déanfaidh sé cúram ar leith de riachtanais an réigiúin ina bhfuil an ollscoil suite. Tá IT, Trá Lí ag obair i gcónaí chun ainmniú na hInstitiúide mar Ollscoil Theicneolaíochta na Mumhan (MTU) a fháil i dteannta le hIT, Corcaigh. Tabharfaidh bunú MTU i gCiarraí tairbhí agus deiseanna ollmhóra do mhic léinn a thiocfaidh chugainn amach anseo chun tabhairt faoi oideachas Triú Leibhéil.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an mBord Rialaithe agus leis an bhFoireann as an obair luachmhar atá déanta acu don Institiúid le 12 mhí anuas.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun rath a ghuí dóibh siúd a chuaigh ar scor ón Institiúid le linn an 12 mhí seo caite.

Arís be mhaith liom míle buíochas a ghabháil le gach éinne a bhí ag obair san Institúid le linn na tréimhse ó Mheán Fomhair 2011 go Lúnasa 2012.

Oliver Murphy
Uachtarán

An Bord Rialaithe

Is é Acht na Coláistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006 a dhearbhaíonn comhdhéanamh an Bhord Rialaithe. Tá 19 mball ar an mBord Rialaithe. Chuaigh an Bord Rialaithe i mbun oifige ar an 1 Aibreán 2010 agus leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh tréimhse cúig bliana.

An Bord Rialaithe 2011/2012

An tUas. Flan Garvey	Cathaoirleach
An Dr. Oliver Murphy	Uachtarán

Seisear arna n-ainmniú ag an CGO faoi Alt 6 (4) (a) agus (b) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

An Cllr. Terry O'Brien	Seirbhís Oideachais Chiarraí (-CGO i gCiarraí)
An Cllr. Seamus Cosaí Fitzgerald	Seirbhís Oideachais Chiarraí (-CGO i gCiarraí)
Ann O'Dwyer, Uas.	Seirbhís Oideachais Chiarraí (-CGO i gCiarraí)
An Cllr. Mairead Fernane	Seirbhís Oideachais Chiarraí (-CGO i gCiarraí)
An Cllr. Mary Jackman	CGO Cho. Luimnigh
An Cllr. Peter Considine	CGO Cho. An Chláir

An tUas. Andrew McCarthy	Comhdháil na gCeardchumann in Éirinn
An tUas. Don Toomey	Innealtóirí na hÉireann

Ceathrar arna n-ainmniú ag an CGO faoi Alt 6 (4) (1) (g) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

An tUas. Tim O'Donoghue	Ionad Óige Dheoise Chiarraí (i bhfeidhm Eanáir 2011)
Aoife O'Brien, Uas.	CGFÉ
Monica Sheehan, Uas.	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Harriet Cotter, Uas.	Fiontar Éireann

Faoi Acht 4 (3) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992):

An tUas. Michael Thompson	Uachtarán Aontas na Mac léinn (tréimhse go 30/6/12)
Niamh Murtagh, Uas.	Ionadaí na Mac léinn (tréimhse go 30/6/12)
Tony Murphy, Uas.	Riar. / Ionadadaí foire teicniúla

Níor cuireadh aon ionadaithe don bhfoireann acadúil ar aghaidh i gcomhair a n-ainmnithe.

Tionóladh 19 gcruinniú san iomlán ar na dátaí seo a leanas:

5ú Meán Fómhair 2011*

13ú Meán Fómhair 2011*

28ú Meán Fómhair 2011

5ú Deireadh Fómhair 2011*

10ú Deireadh Fómhair 2011*

27ú Deireadh Fómhair 2011

15ú Samhain 2011*

5ú Nollaig 2011

6ú Nollaig 2011*

11ú Eanáir 2012*

25ú Eanáir 2012

17ú Feabhra 2012*

29ú Feabhra 2012

21ú Márta 2012

8ú Bealtaine 2012

13ú Meitheamh 2012

2ú Iúil 2012

7ú Lúnasa 2012*

28ú Lúnasa 2012*

* Cruinniú a reáchtáil an tUachtarán agus an Cathaoirleach faoi Alt 12 d'Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006.

An Chomhairle Acadúil

Is bord reachtúil í Comhairle Acadúil na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí a bhfuil a cuid feidhmeanna sainmhínithe in Alt 11 d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha 1992 agus in Alt 3 d'Acht na nInstitiúidí Teicneolaíochta 2006.

Ulmhaíonn an Chomhairle Acadúil an Tuarascáil Bhliantúil chun gur fearr a bhíonn an fhoireann agus páirtithe eile lena mbaineann ar an eolas féna gníomhaíochtaí agus chun taifead foirmiúil a sholáthar fé ghníomhaíochtaí dá sort.

Ballraíocht

Ceapann an Bord Rialaithe baill na Comhairle Acadúla i gcomhair téarma oifige trí bliana. Ceapadh baill nua na Comhairle Acadúla ar an 1 Eanáir 2010. Beidh a dtéarma oifige istigh ar an 31 Nollaig 2012. Baill de bhrí oifige atá uirthi agus is baill tofa den bhfoireann acadúil iad mar aon le mic léinn.

Ballraíocht na Comhairle Acadúla ón 1 Meán Fómhair 2011

Baill de bhrí oifige

Uachtarán	An Dr. Oliver Murphy (Cathaoirleach)
Cláraitheoir	An Dr. Michael Hall (Rúnaí)
Ceann Forbartha	Brid McElligott, Uas.
Cinn Scoile	Staidéar Gnó & Sóisialta: Kay Fitzgerald, Uas.
	Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta: An tUas. John Murphy (chuaigh ar scor Feabhra 2012)
	Eolaíocht & Ríomhaireacht: An tUas. Seamus O'Shea
Cinn Roinne	Léann Daonna & Eolaíochtaí Sóisialta: Aisling Sharkey, Uas.
	Meáin Chruthaitheacha & Teicneolaíocht Faisnéise: Mary Lucey, Uas.
	Staidéar Óstáin, Cócaireachta & Turasóireachta & Turasóireacht & Gnó
	Mary Rose Stafford, Uas. (go 2012)/An Dr. Clare Rigg
	(ó Feabhra 2012)
	Innealtóireacht Shibhialta & Staidéar Foirgníochta: Tim Segal, Uas.

Sláinte/Aclaíocht & Staidéar Fóillíochta: Aileen Kennedy, Uas.

Ríomhaireacht agus na hEolaíochtaí Bitheolaíochta & Cógasaíochta: An Dr. Noel Mulligan

Altranas & Staidéar Cúram Sláinte: An Dr. Gary Brown (chuaigh ar scor Feabhra 2012)

Leabharlannaí An tUas. Pat Doherty

Foireann Acadúil Tofa
Scoil Staidéir Ghnó & Scoil Staidéir Shóisialta
Kristin Brogan, Uas.
An tUas. Feargus Dunne
Jacqueline Gavaghan, Uas.
Ann Fitzgerald, Uas.
An tUas. Gerard O'Brien (ar dheis Dé go raibh a anam)

Foireann Acadúil Tofa
Scoil na hInnealtóireachta & an Staidéir Fhoirgníochta
An Dr. Brendan Guilfoyle
An tUas. Michael O'Callaghan
An tUas. Chris O'Donoghue
An tUas. Con O'Regan
An tUas. Sean O'Mahony

Foireann Acadúil Tofa
Scoil na hEolaíochta & na Ríomhaireachta
An tUas. Paul Collins
An Dr. John Corr (chuaigh ar scor Feabh. 2012)
Eimear Foley, Uas.
Susan Hudson, Uas.
An tUas. Owen Mackessy

Baill Mhic Léinn: An tUas. Michael Thompson, Uachtarán Aontas na Mac Léinn (2011/2012)

An tUas. Niall Harty, Leas-Uachtarán Oideachais (2011/2012)

Sceideal na gCruinnithe

Tionótltar an Chomhairle Acadúil i gceann gach dá mhíosa idir Meán Fómhair agus Meitheamh. Tionóltar ceithre fhochoiste na Comhairle mar is gá ar fud na bliana. Is iad seo a leanas na cruinnithe a reáchtáladh le linn 2011/2012:

19ú Meán Fómhair, 2011

28ú Samhain, 2011

20ú Feabhra, 2012

26ú Márta, 2012 (Cruinniú Forlíontach)

16ú Aibreán, 2012

14ú Bealtaine, 2012

18ú Meitheamh, 2012

Comhchruinnithe na Comhairle Acadúla/Bord Rialaithe

Níor tionóladh aon chruinniú sa bhliain acadúil 2011/2012.

Bainistíocht Shinsearach

Uachtarán	An Dr. Oliver Murphy
Cláraitheoir	An Dr. Michael Hall
Rúnaí/Rialaitheoir Airgeadais	An tUas. Donal Fitzgibbon
Ceann Forbartha	Brid McElligott, Uas.
Ceann Roinne, Scoil na hEolaíochta & na Riomhaireachta	An tUas. Seamus O'Shea
Ceann Roinne – Sláinte, Aclaíocht & Staidéar Fóillíochta (le héifeacht ó 7/11/11)	Aileen Kennedy, Uas.
Ceann Roinne – Altranas, Staidéar Cúram Sláinte (chuaigh ar scor 29/2/12)	An Dr. Gary Brown
Ceann Roinne – Eolaíochtaí Bitheolaíochta & Cógasaíochta, & Ríomhaireachta & Matamaitice	An Dr. Noel Mulligan
Ceann Scoil na hInnealtóireachta (chuaigh ar scor 29/2/12)	An tUas. John Murphy
Ceann Scoil na hInnealtóireachta (le héifeacht ó 1/8/12)	An Dr. Joseph Walsh
Ceann Roinne – Staidéar Innealt. Sibhialta & Foirgníochta	An tUas. Tim Segal
Ceann Scoile, Gnó & Staidéar Sóisialta	Kay Fitzgerald, Uas.
Ceann Roinne – Gnó & Léann Daonna	Aisling Sharkey, Uas.
Ceann Roinne Gníomhach – Gnó & Léann Daonna (ó 3/10/11 go 20/1/12)	An Dr. Colm O Doherty
Ceann Roinne – Staidéar Gnó (go dtí an 23/1/12)	Mary Rose Stafford, Uas.
Ceann Roinne – Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht (g dtí an 23/1/12)	Mary Rose Stafford, Uas.
Ceann Roinne – Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht (ón 6/2/12)	An Dr. Clare Rigg
Ceann Roinne – Staidéar Gnó (ó 6/2/12)	An Dr Clare Rigg

Ceann Rannóige – Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht	An tUas. T.J. O'Connor
Ceann Roinne – Faisnéisíocht Ghnó	Mary Lucey, Uas.
Riarachán Acadúil & Bainisteoir Gnóthaí na Mac Léinn	An tUas. Tim Daly
Bainisteoir Airgeadais	An tUas. John Fox
Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha (ó 28/10/11 go 31/7/12)	An Dr. Joseph Walsh
Bainisteoir Acmhainní Daonna	Siobhan Garvey, Uas.
Bainisteoir na nEastát	An tUas. Donal Hunt
Bainisteoir TF	An tUas. Andrew Quirke
Leabharlannaí	An tUas. Patrick Doherty
Bainisteoir Ionaid (le héifeacht ón 24/1/12)	Mary Rose Stafford, Uas.

Tuarascáil ar Fhorbairtí

Taighde
Deontaisí taighde arna mbronnadh

Gníomhaireacht cistithe	*Clár*	*Méid a faomhadh €*	*Príomh-thaighdeoir*	*Teideal an tionscadail*
Fiontar Éireann	Tacaíocht Chomhordaitheora	12,500.00	An Dr. Joseph Walsh	FP7 co-ordinator grant for Rotabot application
Fiontar Éireann	Tacaíocht Chomhordaitheora	12,500.00	An Dr. Shane O'Connell	FP7 co-ordinator grant for Natucrop application
Léargas	LdV Tionscadal Nuálaíocht Aistrithe	39,027.00	Kristin Brogan	EuroTraffic Language Training
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	TIDA	100,792.00	An Dr. Joanna Tierney	Feasibility of marine derived immunomodulatory bioactives for coccidiosis control in poultry
Fáilte Éireann	Scéim Thaighde Feidhmí FÉ	30,000.00	Mary Rose Stafford	Managing Food Tourism Networks A Practical Manual
Fáilte Éireann	Comhaltacht Thaighde Feidhmí Tionscail	30,000.00	Mary Rose Stafford	Managing Food Tourism Networks A Practical Manual
Príobháideach	Taighde Chonartha COBhÁC	20,762.00	An Dr. Joseph Walsh	Comhaontú Seirbhíse CIMSS agus SSU, OCBhÁC
Fiontar Éireann	Staidéar Féidearthachta	9,000.00	Daniel Riordan	Exhaust Gas Recirculation Temperature Sensor
Fiontar Éireann	Staidéar Féidearthachta	9,000.00	Tim Yeomans	Anti-Microbial Modification of Fibre Surfaces
Fiontar Éireann	Clár Oideachais New Frontiers 2012	114,250.00	Brid McElligott	New Frontiers Céim 1 & 2
FP7	Taighde ar mhaithe le Fiotair Bheaga & Meánmhéide	510,771.00	An Dr. Shane O'Connell	Crop Protection by Natural Raw Material Derived Biomolecules

FP7	Taighde ar mhaithe le Fiotair Bheaga & Meánmhéide	332,311.00	An Dr. Joseph Walsh	The Development of a Next Generation Robotic Milking Parlour
Príobháideach	Taighde Chonartha Sean Loughran	4,855.85	An Dr. Shane O'Connell	Immuno-modulatory Screening of a Seaweed Extract
Fiontar Éireann	FP7 Deontas Taistil	1,200.00	An Dr. Pat Doody	Pat Doody Travel Grant for Venice
Léargas	Comhpháirtíochtaí Foghlama Ar Feadh an tSaoil	10,000.00	Kristin Brogan	Speak Up, - Enhancing EU workers and Teachers skills in public speaking
Fiontar Éireann	FP7 Deontas Taistil	2,460.00	Tim Yeomans	Tim Yeomans, Helena Mcmahon & Denise O'Leary Brussels Travel
Fiontar Éireann	Staidéar Féidearthachta le Temmler	9,000.00	Tim Yeomans	Valorisation of a naturally derived by-product from the pharmaceutical sector
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Muirí	Beart Taighde Institiúideach Bia	15,600.00	An Dr. Shane O'Connell	Exploration of Irish meat processing streams for recovery of high value protein based ingredients for food and non-food uses
Príobháideach	Taighde Chonartha Institiúid Teicneolaíochta BhÁC	12,775.00	An Dr. Shane O'Connell	Supply of Anti-Microbial Agent from Seaweed
Príobháideach	Taighde Chonartha Willows Ingredients Ltd.	5,116.65	Tim Yeomans	Drying 4 samples of spent yeast with subsequent analytical measurements

11/12 Dearbháin Nuálaíochta arna gcur i gcrích

Cuideachta	Sainchomhairleoir
Fitz Technologies Ltd.	An Dr. Pat Doody
Unique Voice Language Institute Ltd.	An Dr. Pat Doody
Ecolux Ltd.	An Dr. Joseph Walsh
Neotech Software Solutions ltd.	An Dr. Pat Doody
HR Interventions Ltd.	An Dr. Pat Doody
Autotherm Ltd.	An Dr. Joseph Walsh
Beal Organic Cheese Ltd.	An Dr. Shane O Connell
Hydro-formance Systems Ltd.	An Dr. Joseph Walsh
Procurebiz Specialists Ltd.	An Dr. Pat Doody
Gael Force Wind Energy Ltd.	An Dr. Pat Doody
Cronin Signs Ltd.	An Dr. Pat Doody
Lablink Ltd.	An Dr. Pat Doody
Tralee Seabase Ltd.	An Dr. Pat Doody
HJL Scientific Ltd.	An Dr. Shane O Connell
Niche Protein Ltd.	Caroline McCarron

Tuarascáil ar Ghníomhaíocht Idirnáisiúnta

An Clár Tosnaithe Leighis

Sa bhliain 2011/2012 leanadh ar aghaidh leis an gClár Tosnaithe Leighis fíor-rathúil den cheathrú bliain as a chéile. Cuirtear an Clár Tosnaithe Leighis ar siúl i gcomhar le Coláiste Ríoga na Máinlianna agus ullmhaítear mic léinn idirnáisiúnta do chéim leighis.

	2011/2012
Sádach	65
Cuáit	45
AEA	7
An Nigéir	1
Óman	2
An Iaráic	20
Iomlán	**140**

Tháinig méadú breis is 40% a líon na mac léinn a chláraigh ar an gclár i gcomparáid leis an mbliain acadúil seo caite.

Gluaiseacht Mac Léinn isteach

Sa bhliain 2011/12 chuir IT, Trá Lí fáilte roimh 221 mac léinn as tíortha thar lear mar iontrálaithe díreacha agus ó institiúidí comhpháirtíochta. Ba mhic léinn neamh-AE a d'íoc táille 20 díobh sin. Cláraídh iad ar chláracha na hInstitiúide mar seo a leanas:

Baitsiléir Gnó i gCuntasaíocht	3
Baitsiléir Gnó i Margaíocht	7
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i mBainistíocht	2
Baitsiléir Gnó i mBainistíocht	7
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta	1
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le Forbairt Cluichí	5
Baitsiléir Eol. sa Ríomhaireacht le Tacaiocht le Teicneolaíocht an Eolais	1
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin	3
Baitsiléir Eolaíochta sa Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí	5
Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise	5
Ardteastas i nGnó	1
Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta	1
Erasmus Measctha - Seimeastair an Fhómhair & an Earraigh	36
Erasmus Measctha - Seimeastar an Fhómhair	81
Erasmus Measctha - Seimeastar an Earraigh	40
Baitsiléir of Science in Computing with Software Development	3
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Taistil & Turasóireachta	1
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht le Forbairt Cluichí	1
Baitsiléir Gnó i dTurasóireacht	1
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) sa Ríomhaireacht mar aon le hIlmheáin	1
Baitsiléir Gnó (Onóracha)	1
Máistreacht i nGnó (Múinte)	1
Máistreacht i nGnó (Tionscadal)	1
Baitsiléir Gnó i gCuntasaíocht	1
Baitsiléir Gnó (Onóracha) i Margaíocht	1
Bunchlár Idirnáisiúnta - Clár Béarla	9

Thug na mic léinn Erasmus measctha faoi rogha ábhar i gcomhair creidiúintí acadúla ó chláracha na Scoile Gnó & Staidéir Shóisialta, Eolaíochta & Ríomhaireachta agus Innealtóireachta & Staidéir Fhoirgníochta. Ba as institiúidí comhpháirtíochta sa bhFionlainn, sa bhFrainc, sa Ghearmáin, sa Liotuáin, sa Polainn, san Iodáil, san Ísiltír, sa tSlóvaic, sa Spáinn, sa tSualainn agus sa Tuirc a tháinig na mic léinn Erasmus.

Earcaíocht Mac Léinn a íocann táille
Ghlac an Institiúid páirt i dtoscaireacht na hÉireann a bhí eagraithe ag Fiontar Éireann d'Aonach Earcaíochta Mac Léinn de chuid IRFT in Istanbul na Tuirce i nDeireadh Fómhair 2011.
Rinneadh naisc le roinnt Institiúidí Ardoideachais sa tSín le linn cuairteanna ar mhargaí i mí Dheireadh Fómhair 2011 agus i mí Mhárta 2012. Orthu siúd áirítear Coláiste Teicniúil Qingdao, Polaiteicnic Wuhan, & Ollscoil Chongqing na nEolaíochtaí Feidhmeacha.

Soghluaisteacht Mac Léinn Amach – Socrúcháin Oibre
Ghlac 10 mac léinn páirt i Soghluaiseacht um Shocrúcháin Oibre de chuid Erasmus atá á maoiniú ag an AE agus sa tSoghluaiseacht Staidéir de chuid Erasmus. Bhí mic léinn ón Altranas, Cúram Sóisialta, Foghlaim Luathóige, Ilmheáin Idirghníomhacha & Teicneolaíocht an Cheoil ag staidéar agus ag obair i bhfiontair san Iorua, sa RA, sa Spáinn & sa Tuirc.

Thaistil 5 mac léinn Ilmheáin Idirghníomhacha go dtí an bhFionlainn ar feadh dhá sheachtaine chun páirt a ghlacadh i nDianchlár a bhí á mhaoiniú ag an AE. Mobile and Interactive Marketin, IT for Convergence Internet Marketing & eBusiness Management an teideal a bhí air. Ba é coláiste comhpháirtíochta IT, Trá Lí, TAMK (Tampere University Of Applied Sciences) a d'óstaigh an dianchlár seo.

Soghluaisteacht Foireann Teagaisc Amach
Bhain 8 ball foirne ó na Scoileanna Gnó & Staidéir Shóisialta, Eolaíochta agus Ríomhaireachta agus ón Roinn Forbartha leas as maoiniú AE chun cuairt a thabhairt agus chun teagasc in institiúidí comhpháirtíochta mar seo a leanas:

Ceannphointe	*Disciplín*
Poblacht na Seice	Forbairt
Poblacht na Seice	Eolaíochtaí Sóisialta
An Fhionlainn	Eolaíochtaí Sóisialta
An Ghearmáin	Gnó
An Ghearmáin	Altranas
An Ísiltír	Óstáin, Cóc. & Turas.
An Tuirc	Gnó
An Ríocht Aontaithe	Eolaíocht

Soghluaisteacht Foirne Isteach
Bhí an Institiúid ina hóstach ar fhoireann tegaisc agus foireann eile ó institiúidí comhpháirtíchta ó bhFrainc, ón Pholainn, ón Ghearmáin, ón bhFionlainn, ón Spáinn agus ón Ísiltír. Mar thoradh ar an ngníomhaíocht seo tá forbairtí ar siúl riamh is choíche ar mhodheolaíocht teagaisc agus ábhar. Ar na disciplíní a bhí i gceist áirítear Gnó, Innealtóireacht, Turasóireacht, Teangacha agus Eolaíocht Ríomhaireachta. D'óstaigh an Institiúd cuairteanna ó chomhpháirtithe as tíortha thar lear d'fhonn comhar agus taighde a chur chun cinn maidir le forbairt curaclaim agus comhthograí.

Foghlaim Fadsaoil

Tograí ar mhaithe le Gníomhachtú an Mhargadh Saothair– Linghclár 2011/2012

D'éirigh le hiarratais chuig an Údarás Ardoideachais chun Mór-dhámhachtainí, mion-dámhachtainí agus dámhachtainí sainchuspóra a chur ar fail faoin tionscnamh Lingchláir ar cuireadh tús leis i mí Mheán Fómhair 2011. Bronnadh maoiniú i gcomhair 212 áit thar 8 gclár (féach mionsonrú i dtábla 1 thíos)

Tábla Uimh. 1: Achoimre ar Líon mac léinn i bhfoghlaim Fadsaoil 2011/2012

Teideal Mion-dámhachtana agus dámhachtana sainchuspóra Lingchlár 2011/2012	Líon iomlán cláraithe
Teastas i bhFaisnéis Ghnó	3
Teastas i Meán Shóisialta agus Anailísiú Gréasáin	37
Teastas i bhFiontraíocht Turasóireachta	28
Teastas i mBitheolaíocht Fheidhmeach & Ceimic Fheidhmeach	34
Teastas in Eolaíocht Chomhshaoil	10
M.Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachais	23
Teastas i mBainistíocht Fuinnimh	24
Teastas i dTeicneolaíocht Innealtóireachta	5
Cláracha Foghlama Fadsaoil eile	**Líon Iomlán cláraithe**
BA i gCúram & Oideachas Luathóige—Bliain 3	19
Clár Náisiúnta um Fhorbairt Bainisteora faoi Oiliúint	19
Treorú Turais	36
Teicneoir Cuntasaíochta Bliain 1 Cumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe	7
Teicneoir Cuntasaíochta Bliain 2 Cumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe	4
Dioplóma i gCeannaireacht Altranais	5
Líon iomlán na Mac léinn Foghlama Fadsaoil Bliain Acadúil 2011/2012	**254**

Gníomhaíochtaí Caidreamh Scoile

Príomhimeachtaí

Cuairteanna Scoile

Tugadh láithreoireachtaí do 65 scoil ó na contaetha Ciarraí, Corcaigh, an Clár agus Luimneach faoi chláraracha lánaimseartha na hInstitiúide:

Cuairteanna Scoile a rinneadh

St. Mary's, Maigh Chromtha
Coláiste na mBráithre, Corcaigh
Meánscoil na Toirbhirte, Lios Tuathail
Gaelcholaiste, Trá Lí
Coláiste Pobail Chill Orglan
Coláiste Bhréanainn, Cill Áirne
Scoil Mhuire Gan Smál, An Bhlárna
St. Fachtna's An Sciobairín
Coláiste Pobail, Scoil Mhuire
Colaiste na Sceilige, Cathair Saidhbhín
Meánscoil Iosef, Baile an Bhuinneánaigh
Scoil Chuimsitheach Tairbeart
Scoil Pól, Cill Fhionáin
Scoil na mBráithre, Inis Díomáin
Scoil Chuimsitheach, An Tóchair
Coláiste Phádraig, Oileán Chiarraí
Pobalscoil an Néidín
Mercy Secondary School, Trá Lí
Coláiste Pobail, Trá Lí
Mean Scoil Nua an Leitriúigh, Caisleán Ghriaire
Scoile Naomh Eoin Bosco, Cill an Dísirt
Gairmscoil Inis Díomáin
Coláiste Pobail Chill Chaoi
Coláiste an Easpaig Mhic Aodháin, Maigh Chromtha
St. Caimins Community College, Sionainn
Rice College, Inis
Coláiste Pobail Chill Rois
Meánscoil na Toirbhirte, Baile Mhistéala
Scoil na mBráithre, Baile Mhistéala
Coláiste Mhichíl, Lios Tuathail
Coláiste Pobail Lios Tuathail
Pobalscoil, Chorca Duibhne
St. Marys, An Port Nua, Tiobraid Árann
Meánscoil na Siléiseach, Fernbank, NCR, Cathair Luimnigh
Ardscoil Naomh Mhuire
Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí
Coláiste Pobail Chill Áirne
Scoil Chuimsitheach Phádraig, Sionainn
Meánscoil Lios Dúin Bhéarna
Scoil na Toirbhirte, Cill Áirne
Colaiste Stiofain Naofa, Corcaigh
Colaiste Ghobnatan, Baile Bhúirne
Colaiste Pobail Bheanntrai
Rossa College, An Sciobairín
Scoil na mBráithre, Trá Lí
Coláiste Pobail Chloich na Coillte
Sacred Heart Secondary School, Cloich na Coillte
Meánscoil Eoin Bhaiste, Ospidéal, Co. Luimnigh
Desmond College, An Caisleán Nua
Coláiste Pobail na Scairbhe
St. Joseph's Secondary School, An Tulach
Colaiste Mhuire, Inis
Meánscoil Bhóthair Bhuí
Colaiste Íde Agus Iosef, Mainistir na Féile
St. Brogan's College, Droichead na Bandan
Pailís Chaoinraí
Coláiste Íde, An Daingean
Scoil Idirmheánach, Cill Orglan
Coláiste De la Salle, Maigh Chromtha
Coláiste Pobail Chill Dalua
Coláiste Pobail Oileáin Chiarraí
St. Mary's Secondary School, An Ráth
Gairmscoil Cheann Tuirc
Scoil Phobail Sliabh Luachra An Rath Mór
Meánscoil Mhuire, An Caisleán Nua

Imeachtaí Gairmréime
Bhí Ionadaíocht ar ITT ag na himeachtaí gairmréime seo a leanas le linn na bliana acadúla 2011/2012:

Higher Options, RDS Baile Átha Cliath
Taispeántas Fostaíochta um Ghairmréimeanna, IRD Dúiche Ealla
Taispeántas Gairmréimeanna an Lár-Iarthair Luimneach
Career Options, Corcaigh
IGC Chiarraí, Aonach na nGairmréimeanna
NEKD Lá Life Balance, Oileán Chiarraí

Lá na bPríomhoidí agus Treoir Gairme
D'fhreastail 24 Phríomhoide agus Comhairleoirí Treoir Gairme ó gach cearn den réigiún ar an Lá ar an 6ú Deireadh Fómhair. Chuir an Bainisteoir Seirbhísí Seachtracha eolas ar Fhorbairtí Institiúide i láthair. Labhair léachtóirí agus ambasadóirí mac léinn ó gach scoil ar fhorbairtí cúrsa agus thugadar léargas ar an Institiúid do na scoláirí.

Lá Oscailte
D'fhreastail breis is 1,300 scoláire ar an Lá Oscailte 2011 ar an 11ú Samhain. Dheineadar san ionadaíocht ar 35 mheánscoil agus grúpaí pobail. Fuair mic léinn ionchais deis na háiseanna atá ar fail a fheiscint agus bualadh le léachtóirí agus mic léinn atá ann faoi láthair. Ba ó scoileanna i gCiarraí iad formhór na scoláirí ach tháinig cuid acu ó scoileanna i Luimneach agus Corcaigh, chomh maith le roinnt mac léinn fásta a thiocfaidh, b'fhéidir.

Cláracha chun blaiseadh a fháil
Cuireadh cláracha chun blaiseadh a fháil ar fail do scoláirí na hidirbhliana ó scoileanna atá i gcúlcheantar na hInstitiúide. Bhí na cláracha leagtha amach chun deis a thabhairt do na scoláirí blaiseadh a fháil ó chúrsaí a gcuirfidís suim iontu, b'fhéidir. Ina theannta sin tugadh deis chun blaiseadh den saol ag an tríú leibhéal a fháil.

Bhí na cláracha chun blaiseadh a fháil ar siúl maidin Dé hAoine le linn an téarma ó 11:00 rn go 1 in. Bhí na ranna seo a leanas rannpháirteach sa tionscnamh seo:

- Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht
- Innealtóireacht
- Altranas
- Na hEolaíochtaí Ceimiceacha & Beatha
- Sláinte & Fóillíocht.

Bhí an-éileamh ar an gClár ó mheánscoileanna. Tháinig scoláirí ó Chorcaigh, an Clár agus ó Luimneach chomh maith le Ciarraí. Chláraigh breis is 800 scoláire chun freastal air.

Feachtais Mhargaíochta

Tugadh faoi fheachtais mhargaíochta chuimsitheacha timpeall ar na príomhdhátaí agus na cláracha seo a leanas:

Dáta dúnta d'iarratais chuig an Lároifig Iontrála (Eanáir 2012)
Athrú Intinne d'iarratais chuig an Lároifig Iontrála (Meitheamh 2012)
Cláracha Páirtaimseartha (Lingchlár)
Bronnadh na nDámhachtainí
Lá Oscailte
Scoláireachtaí Spóirt
Áiteanna folmha faoin Lároifig Iontrála

Feachtais Fhógraíochta

Tugadh faoi fheachtais fhógraíochta chuimsitheacha timpeall ar na príomhdhátaí agus na cláracha seo a leanas:

Iarratais chuig an Lároifig Iontrála – Eanáir
Athrú Intinne d'iarratais chuig an Lároifig Iontrála - Meitheamh
Cláracha Páirtaimseartha (Lingchlár)
Bronnadh na gCéimeanna
Lá Oscailte
Scoláireachtaí Spóirt
Áiteanna folmha faoin Lároifig Iontrála
Feachtais ad hoc do chláracha nua/aon uaire

Feachtais Chaidrimh Phoiblí

Cuireadh Eisiúintí Preasa agus griangraif phreasa i bhfoilseacháin áitiúla/réigiúnacha/náisiúnta timpeall ar na himeachtaí agus fógraí seo a leanas:

Dámhachtainí Cuntasaíochta de chuid CCCD do Mhic léinn
Díospóireacht AE do Mhic Léinn
FITT Sport
Scifest 2012
Comhdhail EUCAPA
Lingchlár
Torthaí Lároifig Iontrála
IAHT
Seoladh Cláir Nua – BEol Eolaíocht Talmhaíochta
Lá Scratch ITT
Gradam Mac Léinn Monex
Teastaisí Pobail an Lucht Siúil Bronnta
Céimeanna chun Ratha
Oíche Ghradaim Spóirt
Clár Scoláireachta Spóirt
Seoladh Traenála Lárionad Spóirt Xcessible

Imeachtaí & Seoltaí san Institiúid

Comhdháil EUCAPA
Comórtas SciFest
Seoladh IHAT
Food for Thought
Comhaltachtaí Onóracha

Gníomhaíochtaí Margaíochta eile

Ábhar fógraíochta/bróisiúir d'imeachtaí agus cláracha nua
Comhordú agallaimh raidió
Acadamh Spóirt Chiarraí – réamheolaire agus léiriúchán físeáin

Fiontar

Réigiún Fiontraíchta Eorpach (EER)

Bronnadh teideal gradamach Réigiún Fiontraíochta Eorpach na Bliana 2011 ar Chiarraí ag searmanas a raibh Coiste Eorpach na Réigiún (CoR) mar óstach air, sa Bhruiséil. Is é atá i gceist le gradam an Réigiún Fiontraíochta Eorpaigh ná réigiúin san AE a aithint a bhfuil fís fiontraíochta ar leith acu agus duais a thabhairt dóibh. Táthar ag iarraidh údaráis áitiúla agus réigiúnacha a spreagadh chun tuilleadh a dhéanamh d'fhonn mionghnó a chur chun cinn ar fud na hEorpa. Níor tugadh an t-aitheantas seo ach do dhá réigiún eile i 27 stát na hEorpa ar fad: ba iad Brandenburg na Gearmáine agus Murcia na Spáinne na réigiúin eile. Seoladh an gradam i mí Dheireadh Fómhair agus is féidir le gach réigiún san Eoraip páirt a ghlacadh gan aird ar a mhéid, a dhaonra ná a shaibhreas. Lorgaíodh iarratais ó áiteanna ar fud na hEorpa agus ba iad Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí i dteannta le Forbairt na Sionainne a roineann ár gcomhchampas i bPáirc Theicneolaíochta Chiarraí a chuir an t-iarratas ar éirigh leis isteach. Roghnaíodh Ciarraí mar gheall ar cháilíocht, éifeachtúlacht agus rath fadtéarmach na físe fiontraíochta atá i réim anseo.

Clár na bhFiontraithe Óga & Clár an Fhiontraí Shóisearaigh

Bliain eile ar éirigh go brae léi ab ea 2011/2012 do chlár na bhFiontraithe Óga ar fud na meánscoileanna rannpháirteacha i gCiarraí, Luimneach agus Corcaigh agus in Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí. Ainmní ab ea clár na bhFiontraithe Óga do chatagóir an ghradaim "Promoting the Entrepreneurial Spirit Award" (Spiorad na Fiontraíochta a chur chun cinn) ag Gradaim Fiontraíochta Eorpacha 2011 i mBúdaipeist i mí Bhealtaine. Leis na Gradaim Fiontraíochta Eorpacha tugtar aitheantas do shármhaitheas i measc údarás réigiúnach agus áitiúil. Is é an Coimisiún Eorpach a dheineann urraíocht orthu agus tugtar onór leo do thionscnaimh thar cinn a thacaíonn le fiontraíocht ar fud na hEorpa.

Príomhimeachtaí agus Garspriocanna

Lá na Spéire Goirme (Deireadh Fómhair 2011)

Ba é Lá na Spéire Goirme an imeacht tosaigh i mbliana agus bhí sé dírithe ar choincheap na fiontraíochta a chur in iúl do na mic léinn. Ar an lá fuaireadar deis léargas luachmhar a fháil ar shaol fiontraithe atá chun tosaigh ina ngairm. Bhí clár na gcainteoirí agus na bpainéalaithe sainoiriúnaithe chun na mic léinn a spreagadh agus fuinneamh a chur iontu agus chun eolas luachmhar a thabhairt dóibh. Labhair na cainteoirí leis na mic léinn faoina gcuid ratha agus d'insíodar mar a rith a gcuid smaointe gnó leo.

Ceardlann Plean Gnó (19 Samhain 2011)

Bhí an cheardlann Plean Gnó dírithe ar mhúnla gnó agus ar chúrsaí airgeadais. Bhí meantóirí ag obair le mic léinn agus a gcuid mhúinteoirí i ngrúpaí oibre. Chabhraíodar leo athbhreithniú a dhéanamh ar phleanann gnó agus ar láithreoireachtaí. Bhí na ranganna agus na meantóirí measctha trína chéile chun deis a thabhairt do na mic léinn idirghníomhú le grúpaí ranga eile, éisteacht lena gcuid smaointe agus aiseolas a fháil ó mheantóirí eile.

Campa Aclaíochta Gnó (Feabhra 2012)

Le linn an Champa Aclaíochta Gnó thug cainteoirí láithreoireachtaí/agallaimh ar ábhair a bhain le codanna de na pleananna. Ba iad na seisiúin phitseála buaicphointí na himeachta.

Pleananna Gnó a chur isteach & an Scrúdú

Cuireadh Pleananna Gnó isteach agus chuaigh na mic léinn faoi scrúdú i mí Mhárta 2012.

Pitseáil an Ghearrliosta (Aibreán 2012)

Ag an dara leibhéal cuireadh 50 plean ar an ngearrliosta agus tugadh cuireadh do na mic léinn pitseail os comhair painéil meantóirí Chlár an Fhiontraí Oig ag Páirc Theicneolaíochta Chiarraí. Roghnaíodh 15 thionscadal dara leibhéil an bhabhta cheannais as a lion. Roghnaíodh 4 ghrúpa an bhabhta cheannais ó IT, Trá Lí i gcomhair na ngradam.

Moltóireacht ar Iomaitheoirí an Bhabhta Cheannais (Aibreán 2012)

Dhein grúpaí agus daoine aonair mar ionadaithe ar 18 dtionscadal an bhabhta cheannais pitseáil do phainéal breithiúna ag Páirc Theicneolaíochta Chiarraí. Tá cead ag na mic léinn a gcuid smaoite a phitseáil ar feadh 5 nóiméad. Ina dhiaidh sin caithfidh said aghaidh a thabhairt ar cheisteanna déine ó na breithiúna ar feadh 10-15 nóiméad.

Turas Iomaitheoirí an Bhabhta Cheannais go Baile Átha Cliath (Aibreán 2012)

Thaistil iomaitheoirí an bhabhta cheannais uile go Baile Átha Cliath ar thuras fiontraíochta allamuigh thar am na Cásca. Tugadh cuairteanna ar Oifig an Irish Times, Google agus bhuail said leis an Uachtarán Ó hUiginn ag Áras an Uachtaráin.

Na Gradaim (Bealtaine 2012)

Reáchtáladh na gradaim in Óstán Malton i gCill Áirne agus ba cheilliúradh ar éachtaí Fiontraithe Óga na Bliana iad chomh maith le haitheantas ar a fheabhas ar féidir le scoláirí, oiliúnóirí agus an pobal gnó obair as láimh a chéile ar mhaithe leis an réigiún. Bronnadh roinnt duaiseana ar an oíche lena n-áirítear; An Scoil is Fearr, buaite ag Pobalscoil Chorcha Dhuibhne, Buaiteoir Tríú Leibhéil an

Fhiontraí Óig, buaite ag Aquaction agus Buaiteoirí Dara Leibhéil an Fhiontraí Óig, na Social Gamers ó Scoi na mBráithre, Trá Lí. Fuair mic léinn a ghlac páirt sa chlár agus ar éirigh leo sa scrúdú Teastas Fiontraíchta. Lena chois sin bronnadh a duais ar Scoil Moyderwell, Trá Lí, buaiteoir na scoileanna i gClár an Fhiontraí Óig.
Chuir gach iomaitheoir an bhabhta cheannais a chuid smaointe ar thaispeáint mar chuid de ghradaim na bliana seo chun tuairim níos fearr a thabhairt do lucht éisteacha níos leithne ar a smaointe agus cruinnithe le hiomaitheoirí an bhabhta cheannais a éascú. D'éirigh go hiontach ar fad leis an taispeántas; bhí ar chumas na mac léinn sonraí a gcuid smaointe a mhíniú ar bhonn duine le duine agus fuaireadar deis a gcuid táirgí a léiriú nó a gcuid fréamhshamhlacha a chur ar thaispeáint.

New Frontiers

Sa bhliain 2012 seoladh Clár an Ardán Fiontair New Frontiers. Is é seo clár náisiúnta na hÉireann d'fhorbairt fiontraí atá á mhaoiniú ag Fiontar Éireann. Deintear é a sheachadadh ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta ag an leibhéal áitiúil. Bhí IT, Trá Lí ar cheann de 13 Insitiúid Teicneolaíochta, i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíchta Luimnigh, chun pacáiste tacaíochtaí a chur ar fail d'fhiontraithe nua agus do ghnólachtaí nuathionscanta a chabhróidh leo forbairt ghó a chur chun cinn go mear agus chun na scileanna agus teagmhálacha siúd a thabhairt d'fhiontraithe atá uathu chun tús maith a chur le cuideachta agus chun í a mhéadú. Is é is cuspóir don Chlár New Frontiers ná tacaíocht a thabhairt i leith 100 gnólacht ardluacha eolas-bhunaithe faoi úinéireacht Éireannach a chur ar bun gach aon bhliain. De bhreis ar oiliúint a chur ar fail d'fhiontraithe i ngach réimse gnó, bainistiú airgeadais, taighde & bailíochtú margaidh, próiseas gnó, paitinniú, forbairt táirge agus oiliúint díolacháin san áireamh, is féidir leis na rannpháirtithe meantóireacht a fháil ó chomhairleoirí agus cleachtóirí gnó a bhfuil taithí fhada acu. Tá rannpháirtithe Chiarraí bunaithe in Ionad Gnó Tom Crean ar an gCampas Thuaidh ag IT, Trá Lí ar feadh Céime 2 den chlár a thosaigh i mí Iúil agus a bheidh críochnaithe i mí Feabhra 2013.

Tá 3 chéim sa chlár agus seachadadh an chéad chéim go páirtaimseartha thar tréimhse 6 seachtaine i mí Mhárta agus Aibreáin 2012. Cuireadh eolas agus oiliúint ghinearálta maidir le bunú gnó nua ar fail. Ghlac breis is 30 fiontraí páirt sa chéim seo den gclár. Chríochnaigh an Institiúid agallaimh na dara céime inar chruthaigh 16 tionscnóirí nua in agallamh ar nós Dragons' Den go bhfuil acmhainneacht fáis agus poist a chruthú ag a dtograí gnó. Thug na 9 rannpháirtí ar éirigh leo (sonraí thíos) faoi Chéim 2 den gclár ón 2ú Iúil 2012 ar aghaidh. Tosnóidh Céim den char i mí Feabhra 2013.

Ainmneacha na rannpháirtithe/Cuideachtaí 2012:

1. David Monson – Monson Irish Jewellery
2. Lorraine Scroope – WizZki.com
3. Randall Wharton - RigBag
4. Michelle Moran – Pie Irish
5. Thomas O'Connor - Sweetgrass
6. Edward Stack – Primovisto.ie
7. Caroline McCarron – Niche Protein
8. Domnick Grattan – Eco Light
9. Terry McEneaney – D2E

Thiomsaigh na 9 gcuideachta a ghlac páirt sa chlár New Frontiers um fhorbairt fiontraithe in 2012 breis is €700,000 i gcaitheamh na bliana agus chruthaíodar 16 phost i gCiarraí. Ar na buaicphointí le linn na bliana áirítear:

- Caroline McCarron ó Niche Protein agus Lorraine Scroope ó wizZki. Bronnadh maoiniú orthu tríd an gCiste Féidearthachta Iomaíoch de chuid Fiontar Éireann do chuideachtaí nuathionscanta faoi cheannas mná.
- Bhuaigh Caroline an comórtas 'Pitchcrawl' ar nós Dragon's Den ag an Taispeántas Nuálaíocha Éireannaí (Irish Innovation) i Luimneach. Bhuaigh sí pacáiste duaise dar luach €25,000.
- Lena chois sin bronneadh Ciste Tionscnamh Iomaíoch de chuid Fiontar Éireann ar Caroline agus ar Domnick Grattan ó Eco Light agus ar Terry McEneaney ó D2E.
- Fuair David Monson ó Monson Irish Jewellery infheistíocht €30,000 ón Dragon Peter Casey de chuid an chláir RTÉ Dragons' Den.
- Bronnadh stádas Tionscnóir Ardacmhainneachta de chuid Fiontar Éireann ar Randall Wharton agus Lorraine Scroope le déanaí.

Ionad Gnó Tom Crean

Sonraí an Ionaid

Bhí Ionad Gnó Tom Crean faoi bhainistíocht Kathrina Purtill. Ba iad na baill foirne eile a bhí fostaithe ag Ionad Nuálaíochta Chiarraí le linn an ama seo ná; Anne Looney, Caidreamh Oideachais; Séan McTernan, Feidhmeannach Meáin; Pat O'Sullivan Greene, Comhairleoir Forbartha Gnó agus Pat Slattery, Airgeadas & Cuntais. Is é achar urláir iomlán an Ionaid Ghnó ná 1100 m². Úsáidtear 64.7 m² den mhéid seo mar sheomra cruinnithe, seomra boird, stóráil agus fáiltiú. Fágann sin spás chun cur ar cíos dar mhéid 569.7 m².

Gabháltas

Bhí gabháltas cliaint an ionaid mar seo a leanas le linn na bliana: :

Ainm Cuideachta	Eanráil	Casadh isteach nó casadh amach	Bliain a bunaithe	Dáta iontrála chuig an Ionad	Líon fostaithe	
					Fireann	Baineann
Absolute Site Control (aonad 1)	1	Casadh isteach	2010	Samh 2010	3	-
Red Onion (aonad 1b)	1	Casadh isteach	2009	Feabh 2010	1	
You Comply (aonad 2)	1	Casadh isteach	2009	Noll 2008	2	1
PN Software (aonad 6)	1	Casadh isteach	2000	Ean 2008	1	1
ZEIT Solutions (aonad 7)	2	Casadh isteach	2006	Ean 2007	2	-
Aten Solutions (aonad 10)	1	Casadh isteach	2010	Samh 2010	1	-
Bec Tec	2	Casadh isteach	2008	Samh 2009	1	-
Bioatlantis (aonad 9)	5	Casadh isteach	2004	Feabh 2006	1	-
Bioatlantis (aonad 12)	5	Casadh isteach	2004	Feabh 2006	3	1
Bioatlantis (aonad 18)	5	Casadh isteach	2004	Feabh 2006	4	2
CIDS (aonad 12b)	1	T&F	2009	Samh 2010	4	-
CIMSS (aonad 15)	4	T&F	2009	Samh 2010	2	-
CIMSS (aonad 16)	1	T&F	2009	Samh 2010	2	-
iLINK (aonad 17)	2	Casadh iseach	2007	Bealt 2008	1	-
Gaelforce Energy (aonad 20)	3	Casadh iseach	2009	Samh 2009	3	-
Text Republic (aonad 21)	1	Casadh iseach	2008	Bealt 2008	2	-
ICHET (aonad 14)	1	Casadh isteach	2010	Samh 2009	1	-
PST Sport (aonad 14)	1	Casadh isteach	2011	Lún 2011	1	1

Líon iomlán na gCuideachtaí Cliaint	15
Líon iomlán na ndaoine a fostaíodh	41
Líon na gCuideachtaí faoi cheannas mná	0
Méid iomlán an spáis ghafa (m²)	282.7 (Noll 2011)
Líon a bhfuil nasc leis an Institiúid acu	10

Deisc The/Spás Coincheapa

Ainm Chliaint	Cineál (m.sh. EPP)	Dáta iontrála san Ionad
Full Health Medical	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Dingadeal	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
QCR	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Catering Mentor	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Access legal	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
ANM Physio	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Swiftqueue	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Target Environmental Health & Safety	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Style cloud	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Engineering spares	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Fairtradestore	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Randall Wharton	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Lorraine O'Shea	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
LARO	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Handcrafthurleys.com	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Mobanode	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011
Scrazzl	EPP (Endeavour)	Bealt. 2011

Líon iomlán	17
Spás gafa (m²)	177 (Noll. 2011)

T&F Tráchtála
Le linn na tréimhse ama faoi chaibidil bhí dhá ionad taighde bunaithe ag Ionaid Ghnó Tom Crean. Tá achoimre ar na sonraí anseo thíos:

Bunaíodh an **The Centre for Innovation in Distributed Systems (Ionad Nuálaíochta i gCórais Dháilte CIDS)** mar chomhoibriú idir an Wireless and Mobility Research Group agus Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus Fóram Slabhra Sholáthair MIT. Is comhbhunaitheoir agus Stiúrthóir CIDS é an Dr. Pat Doody. Tugtar aitheantas do CIDS mar Ionad RFID Sármhaitheasa in Éirinn. Dírítear an taighde go mór mór ar réimse an aitheantas radaimhinicíochta (RFID) agus ar Idirlíon na nEarraí (IOT) agus cuirtear spéis ar leith ar thionscadail fheidhmeacha thionsclaíocha. Tá an grúpa chun tosaigh maidir le RFID agus IOT a chur chun cinn i dtionscal na hÉireann, áit nach bhfuil glactha leis go forleathan fós, i gcomparáid le tíortha eile an AE. Is iad CIDS ionadaithe na hÉireann ar Líonra Téamach nua de chuid an AE atá ag díriú ar theicneolaíocht RFID agus a nglaoití an RACENetworkRFID (www.racenetworkrfid.eu) air roimhe seo ach a dtugtar RFID in Europe air faoin am seo. Seoladh i mí Mhárta 2009 é. Tá an Dr. Pat Doody ina Chathaoirleach ar Bhord Bainistíochta an líonra faoi láthair. Ar shaineolas taighde eile áirítear Intleacht Shaorga, Líonraí Braiteora, Mianadóireacht Réaltachta. Forbairt Meánearraí, Forbairt Bogearraí Soghluaiste agus rudaí eile nach iad.

Bunaíodh an **Centre for Intelligent Mechatronics and Sensors (Ionad Meicitreonaice agus Braiteoirí Cliste, CIMSS)**) i 2008 laistigh den Scoil Innealtóireachta ag Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, Co. Chiarraí, Éire. Tá cuntas teiste aitheanta ag an Scoil Innealtóireachta i dtaobh oideachais agus taighde nuálach i réimse ildisciplíneach na hinnealtóireachta. Thug forbairt CIMSS deis iontach don scoil tabhairt faoi thaighde den chéad scoth níos mó. Is é is meicitreonaic ann ná teaglaim d'Innealtóireacht Mheicniúil, Innealtóireacht Leictreonach, Innealtóireacht Ríomhaire, Innealtóireacht Bhogearraí, Innealtóireacht Rialaithe agus Innealtóireacht Deartha Chórais d'fhonn táirgí úsáideacha a dhearadh agus a mhonarú. Is é misean CIMSS ná idirghníomhú leis an tionscal réigiúnach agus náisiúnta chun réitigh fhadtéarmacha inbhuanaithe sholúbtha a chur ar fáil trí theicneolaíocht nuálach mheicitreonaice agus braiteora a fheidhmiú agus a chomhtháthú. Is é an Dr. Joseph Walsh atá i gceannas ar an réimse thaighde seo .

Cliaint atá ag fáil Céime

Na daoine a fuair céim le linn 2011

Ainm	Earnáil	Dáta Imeachta (mm/ 2011)	Áit nua	Coinnigh naisc le hionad/ institiúid
iLINK	2	11/11	Oifig bhaile	sea

Na daoine atá chun céim a fháil le linn an chéad leith de 2012

Ainm	Dáta imeachta dlite (mm/ 2012)	Sonraí atá ar fáil maidir le pleananna athlonnaithe
Red Onion (aonad 1b)	01/2012	Oifig bhaile

Earnáil: De réir na heochrach seo a leanas:
1= Bogearraí Airgeadais, Fiontair, Seirbhísí Oideachais & a mbaineann leo

2= Bogearraí Cumarsáide, Meáin, Seirbhísí Siamsaíochta & a mbaineann leo

3= Cúrsaí comhshaoil

4= Cúrsaí tionscail

5= Na hEolaíochtaí Beatha

6= Bia

Ionad Gnó Tom Crean: Gníomhaíochtaí Eile

1. Teagmhálacha idir cuideachtaí cliaint agus ITT/Páirc Theicneolaíochta Chiarraí

- Aoichainteoirí [Céim 1 d'Endeavour agus Céim 2 d'Endeavour]
- Comhairliúcháin maidir le Forbairt Cúrsaí
- Painéil Strus Gnó
- Teagmháil dhíreach le sainchomhairleoirí ar foireann ITT
- Dearbhán nuálaíochta bunaithe ar T&F
- Meantóirí le Clár na bhFiontraithe Óga
- Socrúcháin oibre

Tá Ionad Gnó Tom Crean ag cur chun cinn beartais 'idirghníomhaithe 100%' idir ár gcuideachtaí cliaint agus an institiúid óstach agus tá an t-ionad ag obair le Páirc Theicneolaíochta Chiarraí agus leis an Institiúid i gcónaí chun idirghníomhú foirmeálta a dhéanamh den idirghníomhú seo. Díríodh ar na gníomhartha ar leith seo sa bhliain acadúil 2011/2012:

1. Féilire socrúchán oibre - ar siúl i gcónaí;
2. Rochtain ar áiseanna leabharlainne ITT - críochnaithe;
3. Clár oiliúna pearsanta - críochnaithe;
4. Rochtain ar bhialainn oiliúna ITT - críochnaithe.

Cuirtear na cliaint ar an eolas go tráthrialta ar dheiseanna cistiúcháin agus taighde sa 7ú Clár Creatlaí de chuid an AE chomh maith le deiseanna taighde eile. Scaiptear nuachtlitir an EEN (Líonra Fiontair na hEorpa) ar na cuideachtaí cliaint go léir.
Deineadh deiseanna a chuirtear ar fáil mar thoradh ar teideal an Réigiún Fiontraíochta Eorpach 2011 a bheith bronnta a bharrfheabhsú.
Lean Ionad Gnó Tom Crean air ag feidhmiú mar ionad baile d'fhorbairt na Fiontraíochta ar an gcampas i 2011 agus é ina óstach d'Endeavour, do Chlár an Fhiontraí Óig & do Chlár Sóisearach an Fhiontraí Óig.

An t-Eolas is Deireanaí faoi Chuideachtaí:

Breacadh síos na buaicphointí cuideachta seo a leanas le linn 2011:

- **Learnpipe** Chríochnaigh Learnpipe [Endeavour 2010] ar infheistiú €50,000 ó Fhiontar Éireann agus tá breis is 100 custaiméir a íocann as an tseirbhís acu in Éirinn, sa RA, sna SA agus san India.
- **imeeGolf** Thiomsaigh imeeGolf [Endeavour 2010] beagáinín faoi bhun $1,000,000 - faoi cheannas LU Facebook Chamath Palihapitiya. Tá sé i gceannas ar fhás agus ar iarrachtaí soghluaiste agus idirnáisiúnta na cuideachta.
- **Bet-Tec** Dhein Bet-Tec triail ar an tseirbhís geallghlacadóireachta téacs i gcomhar le FastBet & 2 oibreoir tionscail.
- **Tap-Map [Endeavour 2010]** Chríochnaigh Tap-Map [Endeavour 2010] ar infheistíocht $500,000 agus tá custaiméirí nua acu san earnáil chúram sláinte sna SA, cosúil le USA Drug agus ar a dtaobh grósaeireachta tá cuideachtaí darb ainm Grocery Outlet acu. Tá an dá cheann araon chun tosaigh ina réimse.
- **Target Safety & Full Health** D'éirigh le Target Safety & Full Health araon sa Chiste Iomaíoch Tionscnaimh Ghnó de chuid Fiontair Éireann.
- **YouComply** D'fhás bonn cliant YouComply de ghnólachtaí Corparáide Domhanda agus Náisiúnta sa mhéid go n-áirítear RTÉ, Allianz WW Care, The Barry Group, Mowlam Healthcare srl. orthu. Bhunaigh an chuideachta líonra láidir comhpháirtithe sa RA agus shínigh sí an chéad chonradh in Earnáil Shláinte na RA.
- **Bioatlantis** Tháinig fás 70% ar ioncam Bioatlantis in 2011. Tá an chuideachta ag trádáil i 25 thír faoin am seo; ar na margaí nua a cuireadh ar bun le linn 2011 áirítear an Téalainn, an tSín, Ceanada agus Bairéin. Deintear 20% den díolachán ar fad san Áis.
- **DataHug** D'fhógair DataHug [Endeavour 2010] maoiniú $1.5m faoi cheannas Oyster Technology Investments i mí na Samhna 2011.
- **Foxframe** Dhaingnigh Foxframe [Endeavour 2010] teideal an 'Best Investment Proposal for 2011' (Togra Infheistíochta is fearr i 2011) mar aon le duais €10,000 ag Gradaim Fiontair Pháirc Nuálaíochta Cheantar na nDugaí 2011.

Forbairt R-Fhoghlama

Oiliúint Blackboard

Reáchtáladh seisiúin oiliúna Blackboard do ghrúpaí le linn Meán Fómhair 2011 don bhfoireann. Tugadh na seisiúin seo a leanas do bhaill foirne ar an gcampas theas agus ar an gcampas thuaidh:

- Réamheolas ar Blackboard
- Ardscileanna Blackboard
- Uirlisí Leabhar Grádaithe i mBlackboard

Reáchtáladh 6 seisiún san iomlán agus d'fhreastail 27 mball foirne orthu san iomlán.

I gcaitheamh na bliana acadúla tugadh 43 sheisiún duine le duine faoi blackboard - obair leantach ab ea na seisiúin seo ar sheisiúin ón oiliúint tosaigh a tugadh i mí Mheán Fómhair mar aon le seisiúin ar leith do dhaoine nach raibh ar a gcumas freastal ar na seisiúin ghrúpa. Na na príomhréimsí ar díríodh orthu áirítear:

- Modúil, fillteáin, naisc ghréasáin a dhéanamh agus inneachar a uaslódáil ar chúrsa Blackboard
- Leabhar grádaithe a dhéanamh - agus colúin ríofa chun torthaí CA a ríomh a dhéanamh
- Naisc ghréasáin a dhéanamh
- Ábhar ilmheáin a uaslódáil i modúil blackboard, ar nós podchraoltaí, físeáin, comhaid Articulate .

Turnitin

Tugadh sé sheisiún ranga Turnitin do ghrúpaí mic léinn i gcaitheamh na bliana acadúla. Sna seisiúin seo míníodh an próiseas dóibh atá i gceist chun sannacháin a chur isteach trí Turnitin. Iarradh ar na mic léinn doiciméad tástála a chur isteach agus míníodh an tuairisc a gineadh dóibh.

Le chois an seisiún ranga d'iarr 12 bhall den bhfoireann oiliúint ar bhonn duine le duine faoi sheisiún turnitin a dhéanamh dá gcuid modúl. Sna seisiúin pléadh an próiseas socraithe agus míníodh na gnéithe agus socruithe éagsúla a ghabhann leis an bhfeidhmchlár i dteannta na modheolaíochtaí oideolaíocha a ghabhann leis na gnéithe seo .

Foghlaim arna cur chun cinn ag an Teicneolaíocht

I gcaitheamh na bliana d'iarr baill den bhfoireann oiliúint agus tacaíocht ar na feidhmchláracha seo a leanas chun a gcuid modúl a fhorbairt:

- Articulate
- Camtasia
- Audacity
- Articulate Engage
- Quizmaker
- Prezi

Forbairt Modúl Ar Líne

Modúil TMDP

D'fhorbair Mary Rose Stafford agus John Herlihy ar aon modúil ar líne mar chuid den gclár TMDP. Chuige seo bhí gá le 12 aonad d'inneachar aisioncronach a fhorbairt do dhá mhodúl:

- Réamheolas ar AD
- Reachtaíocht AD

Is é a bhí sna modúil seo ná modúil aisincronacha a bhí á bhforbairt in Articulate Presenter. Bhí tráthanna na gceist ar líne, eilimintí teagmhála, fuaim, r-leabhair, físeáin agus naisc ghréasáin leabaithe i ndearadh agus i bhforbairt na modúl seo. Deineadh na haonaid seo a uaslódáil go Blackboard ansin agus sníomhadh isteach i Modúil Fhoghlama iad mar aon le boird díospóireachta, sannacháin, meastóireachtaí agus fógraí mar chuid de na haonaid.

De bhreis ar an obair forbartha i gcomhair na modúl seo cuireadh oiliúint leis, ar John Herlihy agus Mary Rose Stafford ar aon ar an gcóras ranga ar líne Wimba a úsáidtear i mBlackboard chun ranganna ar líne a sheachadadh.

Forbairt Modúil le haghaidh Fiontraíochta

Cosúil leis an modúl do TMDP thuas deineadh obair chun 12 aonad do mhodúil Fiontraíochta a fhorbairt le Breda O'Dwyer. Áiríodh air seo agallaimh físe a dhéanamh de shaineolaithe tionscail. Deineadh cuid na haonaid díobh ansin. Bhí gach aonad deartha do sheachadadh ar líne sa mhéid go raibh gníomhaíochtaí agus tascanna ar líne fite fuaite tríd an gcúrsa. Foilsíodh an cúrsa in Articulate agus uaslódáladh go Blackboard ansin é, áit ar cuireadh na boird díospóireachta chuí, na sannacháin agus na hacmhainní breise leis.

Scifest 2012

Is é atá i SciFest ná sraith d'aontaí aon-lae atá á maoiniú ag Intel Ireland agus Discover Science and Engineering mar chomhpháirtithe tionscadail. Bhí Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí mar óstach air Dé Máirt, 8ú Bealtaine 2012. Is é an Dr. Oliver Murphy, Uachtarán, IT, Trá Lí a d'oscail an ócáid.

Scifest 2012 ag IT Trá Lí

Bhí scoláirí mar ionadaithe na scoileaanna seo a leanas i láthair: Mercy Mounthawk, Meánscoil Naomh Bríd, Cill Áirne, Coláiste na Sceilge, Coláiste Íde, Scoil Chuimsitheach an Tóchair, Scoil na mBráithre, An Fhaiche, Coláiste Pobail Thrá Lí, Coláiste Bhréanain, Coláiste Pobail Chill Orglan agus Meánscoil na Toirbhirte, Trá Lí. Chuireadar réimse tionscadail eolaíochta agus teicneolaíochta ar thaispeántas agus léiríodar roinnt sásmaointe nuáacha a spreag samhlaíocht na ndaoine a bhí ag an ócáid. Fuarthas 24 iarratas tionscadail don ócáid.

Tháinig breis is 150 scoláire chuig halla na dtaispeántais agus ina theannta sin d'fhreastalaíodar ar phríomhaitheasc le Robert Hill, Stiúrthóir Oifig Spáis Thuaisceart Éireann. Ina dhiaidh sin thug Robert Hill taispeántas "3D Cosmic Journey" agus thug Sue McGrath ó Science2Life taispeántas ar "Exploding Vegetables - Fuels of the Future" (Glasraí ag pléascadh - Breoslaí an Todhchaí). Ba í Noelle Galvin, Coláiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín an buaiteoir iomlán. Fuair sí Gradam Intel an Togra is Fearr de bhreis ar Ghradam Ceimice de chuid Pharmachemical Ireland. Chuir togra Noelle leigheas nádúrtha do ghreim míoltóige.

Ar ghradaim eile áirítear iad seo a leanas:

- Dara háit - Daniel Carmody, Luke Stafford Lacey & Aisling Shalvey – Mercy Mounthawk, Trá Lí
- Cumarsáidí is Fearr - Cassandra Murphy, Barbara O'Connell & Eilis Moriarty – Colaiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín
- Buaiteoir Discovery Sensors - Seamus Doyle & Eoin Fenton – Scoil Idirmheánach, Cill Orglan
- Buaiteoir Gradaim Discovery Space – Cillian O'Donovan & Padraig Casey – Colaiste na Sceilge, Cathair Saidhbhín
- Gradam Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe - Tim Dennehy, Ryan Dowling & Max Goreansky – Scoil na mBráithre, An Fhaiche, Trá Lí
- Gradam Mata NCE-MSTL – Zoe McHale & Sinead Nagle – Meánscoil Naomh Bríd, Cill Áirne
- Gradam Mórghníomh Eolaíochta IT, Trá Lí – Jennifer Falvey & Colin Dineen – Scoil Chuimsitheach an Tóchair, An Tóchar

Bhí freastal fíormhaith ar an imeacht agus d'éirigh thar cinn léi. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ag *www.ittralee.ie/scifest*

Oifig na nEastát

Réamhrá

Tá dhá champas ag ITT i mbaile Thrá Lí ag a bhfuil achar foirgnimh 31,000 méadar cearnacha san iomlán. Is é atá sa Champas Thuaidh ná foirgnimh ITT ag a bhfuil achar urláir 18,500 méadar cearnacha agus iad suite ar 63 acra. Tá achar urláir 12,500 méadar cearnacha ag foirgnimh an Champais Theas agus iad suite ar 7 n-acra. Meastar go gcuireann an coláiste tuairim is €40m leis an ngeilleagar áitiúil. Tá Oifig na nEastát freagrach as Áiseanna agus Bainistiú na nEastát ar an ndá champas, as foirgnimh, tailte, bóithre agus teorannacha.

Tuairiscíonn an Institiúid ar bhonn Bliana Acadúla, de ghnáth, ach tuairiscíonn Oifig na nEastát ar bhonn bliana féilire de bharr a n-éilíonn an tÚdarás um Fuinneamh Inbhuanaithe agus gníomhaireachtaí eile maidir le monatóireacht agus tuairisceáin a chur isteach. Anseo thíos tá cur-síos ar ídiú fuinnimh na hInstitiúide agus ar thionscadail ar tugadh fúthu sa tréimhse seo.

Ídiú fuinnimh ag IT, Trá Lí

Ba iad na campais Thuaidh agus Theas príomhúsáideoirí fuinnimh na hInstitiúide. D'ídíodar 60% agus 40% faoi seach. Tá miondealú measta ar an méid a ídíodh mar seo a leanas: Téamh spáis agus uisce teasaí (58%), gaothráin agus aerchóiriú (4%), cócaireacht (5%), soilsiú laistigh agus lasmuigh (11%), cumhacht oifige, an freastalaithe an chóras ríomhaireachta san áireamh (17%), cuisniú (2%), cumhacht ginearálta (3%). Mar chuid den Treoir um Fhuinneamh In-athnuaite (2009/28/CE) tuairiscíonn an Institiúid a cuid ídiú fuinnimh don Údarás um Fuinneamh Inbhuanaithe go bliantúil (bliain fhéilire), dá bhrí sin is leis an mbliain fhéilire 2011 a bhaineann na huimhreacha a thaispeántar ina dhiaidh seo. Agus í ag cloí leis an Treoir um Fhuinneamh tá an Institiúid rannpháirteach san iarracht ar spriocleibhéal íslithe a bhaint amach arb é 33%, faoin mbliain 2020.

Sa bhliain 2011 d'ídigh ITT 5,009 MWh d'fhuinneamh a bhí comhdhéanta de:

- 2,219 MWh of electricity (1,164 tonnes Co2);
- 2,790 MWh de bhreoslaí iontaise, 1,673 MWh d'ola gáis san áireamh (470 tona de Co2) agus 1,117 MWh de ghás peitriliam leachtach (235 tonna de Co2);

Léiríonn an méid thíos Ídiú/Costais Fuinnimh na hInstitiúide lasmuigh de CBL don tréimhse 2011:

Leictreachas – 2,218,981 Kwh (€245,948)
Breosla Téimh – 153,597 Liotair (€111,243)
Gás peitriliam leachtach – 157,863 Liotair (€70,666)

Costas Iomlán - €427,857 (gan CBL san áireamh)

Gníomhartha Déanta i 2011

Sa tréimhse Ean. - Noll. 2011 chuaigh Oifig na nEastát i mbun réimse dtionscnamh chun ár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú

1. Uasghrádaithe ar an gCampas Theas.
2. Braiteoirí soilsithe sna dorchlaí ar an gCampas Theas.
3. Córas soilsithe (KNX) i mBloc T ar an gCampas Thuaidh.
4. Braiteoirí soilsithe ag Gnó & Teicneolaíocht Faisnéise ar an gCampas Thuaidh.
5. Uasghrádú ar shoilsiú lasmuigh go LED ag príomhfhoirgneamh an Champas Thuaidh.
6. Sábháil uisce báistí ag an Leabharlann.
7. Sábháil uisce báistí ag Bloc D.
8. Sábháil uisce báistí ag na Seomraí Sóinseála.
9. Córas painéil ghréine suiteáilte ag Ionad Gnó Tom Crean.
10. Uasghrádú ar chóras uisce teasaí ag Ionad Gnó Tom Crean.
11. Painéal gréine ar an Leabharlann, uasghrádú ar umar réamhthéite.
12. Uasghrádú ar rialuithe téamh spáis i mBloc E.
13. Teas lárnach: Suiteáil tiomántán luais athraithigh ar na caidéil.
14. Insliú falla chuasaigh ar an gCampas Theas.
15. Soláthar uisce theasaí díreach a chur in ionad téitheoirí uisce ar an gCampas Theas.
16. Bainistíocht fuinnimh & díriú & uasghrádú Córas Bainistithe Foirgnimh
17. Gléasanna chun uisce a shábháil ar fud an dá champais.
18. Foireann Bainistíochta Fuinnimh fhoirmeálta a chur ar bun chun a bheith i dteagmháil le hÚda rás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann .

Meastar go mbainfear sábháil 10% amach mar thoradh ar na tionscnaimh seo trí chéile. Tiocfaidh laghdú 561MWh. ar an ídiú.

Clár na nDeiseanna Fuinnimh (2012)

Deiseanna Riaracháin ITT 2012:

1. Áirithintí seachtracha/inmheánacha a thabhairt le chéile chuig limistéirí téimh choitinne.
2. Áirithintí seachtracha a choinneáil le gnáthsheomraí ranga más féidir, seachas léachtlanna.
4. Áirithintí seachtracha a choinneáil in aon fhoirgneamh amháin más féidir.
5. Foirgnimh a dhúnadh lasmuigh d'uaireanta oifige más féidir.

Úsáid oifige ag an bhfoireann/na mic léinn forgnimh ar an imeall a lárnú le linn na laethanta saoire agus le linn an tsamhraidh chun gur féidir foirgnimh a dhúnadh le linn na dtréimhsí seo más féidir.

Deiseanna Leictreacha 2012:

6. Braiteoirí lucsa/gluaiseachta a shuiteáil ar an soilsiú go léir sna seomraí ranga agus sna limistéirí coitinne i ngach foirgneamh (BIT, HCT, Solas, Bloc Q, Tom Crean).
7. An chuid eile d'fheistithe solais T8 a athrú ina bhfeistithe T5.
8. Riachtanais saotharlann Ríomhaire na mac léinn tar éis uaireanta oifige a dhaingniú (8 saotharlann ar oscailt go dtí 10 i.n.).
9. Cumhacht go hoifigí foirne a dhúnadh síos lasmuigh d'uaireanta oifige agus thar oíche.
10. Cumhacht chuig ciúb LIRC (Leabharlann & Ionad Acmhainní Faisnéise) agus limistéirí eile den Leabharlann a rialú.
11. Iarracht a dhéanamh chun riachtanais freastalaí an tseomra chumarsáide/riachtanais cum hachta AC a laghdú lasmuigh d'uaireanta oifige.
12. Cosc a chur ar chitil, cúisneoirí, téitheoirí, feananna srl. sna hoifige foirne (gan tástáil fearais iniompair a bheith déanta orthu ag ITT).
13. An leibhéal MIC a laghdú ar an gCampas Theas nuair a bheidh an CHP ar siúl arís.
14. Braiteoirí gluaiseachta i gceaintín an Champais Thuaidh.
15. Aláram lasmuigh de dhoirse chun iad a choinneáil dúnta.
16. Athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá le meaisíní díolta ar fud na háite.
17. Braiteoirí gluaiseachta breise i limistéirí oscailte sa LIRC, níl dóthain clúdach ansin.
18. Soilsiú LED a chur in ionad soilsithe CFL sna limistéirí coitinne ar an gCampas Thuaidh.

Deiseanna Teirmeacha 2012:

19. Lasmuigh d'aer úr a chur chuig oifigí foirne inmheánacha, an bhfuil gá leis na hAonaid láimhseála aeir mhóra sa BIT?
20. Pointí socraithe ama agus teochta go léir a dhaingniú.
21. Na riachtanais maidir le hAonaid Láimhseála Aeir go léir a chríochú 10/15 nóiméad roimh chríoch ranganna?
22. Téamh CHP a mhéadú chuig Bloc E.
23. Athbhreithniú a dhéanamh ar insliú ar an gCampas Theas.

Deiseanna Sábhála Uisce 2012:

24. Sábháil uisce i Solas agus LIRC.

Soláthar

An bhliain seo caite chuir an Institiúid tús le pleananna chun Acadamh Spóirt a fhorbairt ar an gCampas Thuaidh. I gcaitheamh na bliana cuireadh próiseas tairisceana i gcrích chun conradh a bhronnadh ar fhoireann deartha don tionscadal seo. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo i mí Mheán Fómhair 2011. Ceapadh an fhoireann deartha go luath i 2012.

Ba í an fhoireann deartha a ceapadh ná:

- Bronnadh Seirbhísí Bainistithe Tionscadail ar JJ Casey & Co
- Bronnadh Seirbhísí Ailtireachta & Maoirseoir Tionscadail Próiseas Deartha ar Newenham Mulligan & Associates
- Bronnadh Seirbhísí Suirbhéireachta Cainníochta ar Chomhpháirtíocht Edward Cotter
- Bronnadh Seirbhísí Innealtóireachta Sibhialta & Innealtóireachta Struchtúrtha ar MRG Consulting/Roughan & O'Donovan Consulting Engineers
- Bronnadh Seirbhísí Meicniúla & Leictreacha ar JODA Engineering Consultants
- Bronnadh Seirbhísí Comhairleoireachta Dóiteáin ar Maurice Johnson & Comhpháirtithe

Tá dul chun cinn an tionscadail seo go mór mór bunaithe ar mhaoiniú. Tá súil ag an Institiúid an tionscadal seo a mhaoiniú ó dheontais chaipitil ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus trí airgead a thiomsú le cabhair ó Chuideachta Fondúireachta.

Oifig na nEastát

Dónal Hunt, Uas., Bainisteoir na nEastát
John Daly, Uas., Oifigeach Foirgnimh Cúnta / Sláinte & Sábháilteacht

An Scoil Ghnó agus Staidéir Shóisialta

Tá ceithre roinn sa Scoil Ghnó & Staidéir Shóisialta:

- Faisnéisíocht Ghnó
- Staidéar Gnó
- Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht
- Léann Daonna

Tá réimse leathan cláraracha ar fáil: Leibhéal 6 ardteastas, Leibhéal 7 gnáthchéim, Leibhéal 8 céim onóracha agus Leibhéal 9 (Máistreacht mhúinte). Is féidir máistreacht iarchéime agus dochtúireacht trí thaighde a bhaint amach chomh maith.

Cláracha Miondámhachtana sa Bhliain Acadúil 2011/2012

Teastas i gCórais Faisnéise Gnó

Teastas i Meáin Shóisialta & Anailísiú Ghréasáin
Teastas i bhFiontraíocht Turasóireachta
Teastas Sainchuspóra in Iascaireacht Slaite

Cláracha atá á bhforbairt faoi láthair:
BA sna hEalaíona Cócaireachta
MA i Staidéar Meáin Chruthaitheacha
MA i gCleachtas Proifisiúnta Idirphearsanta / Eolaíochtaí Sóisialta

Reáchtáladh an chéad Siompóisiam sna Meáin Chruthaitheacha ar "Ghiniúint Inneachair do Mheáin Nua: ar an 30 Márta. Bhí Philip King, Jerry Kennelly, Terry Prone agus daoine eile nach iad i láthair mar aoichainteoirí.

Fuair an Clár um Infhostaitheacht a chur chun cinn le Roinn CMIT dar teideal "Steps 2 Success" an Gradam Náisiúnta Infhostaitheachta AHECS i mbliana as ucht inneachair fhíorspeisialta chruthaitheach an chláir.

Ghlac roinnt ball den bhfoireann páirt sa chollóiciam de chuid Irish Action Research i 2011. Lena chois sin chuirdeadar foilseacháin le roinnt irisí idirnáisiúnta ar deineadh athbhreithniú piara orthu, agus le comhdhálacha agus ghlacadar páirt mar eagarthóirí agus foilsitheoirí leis an iris idirnáisiúnta Action Learning: research and practice agus ag a comhdháil leathbhliantúil.

Sa chéad bhliain acadúil eile reáchtálfar clár nua breise i gCleachtas Obair Óige agus Pobail a mbeidh modúl nua fíorspeisialta in oideachas forbartha domhanda mar chuid de. Forbraíodh an modúl seo i gcomhar le Kerry Action for Development Education.

Bhí an chéad ghrúpa mac léinn ag tabhairt faoin MA i dTurasóireacht & Fáilteachas Gairmiúil, arna creidiúnú ag Coláiste Ollscoile Birmingham, i mbliana.

Bhunaigh Acadamh Fáilteachais & Turasóireachta in Éirinn (IAHT) a ionad anseo. Áis thiomnaithe is ea í a chuireann cláracha forbartha gairmiúla sainfheidhmithe i dtaobh an tionscail a bhfreastalaíonn sé air ar fáil go leanúnach. Lena chois sin éascaíonn an IAHT forbairt pobal taighde feidhmí a bhfuil baint dhíreach aige le riachtanais na hearnála. Tá de chuspóir aige comhpháirtíochtaí straitéiseacha a bhunú le hinstitiúidí agus eagraíochtaí tríú leibhéil eile sa tír seo agus go hidirnáisiúnta.

Tá gné nua den oideachas fáilteachais agus turasóireachta tugtha don Institiúid ag an Acadamh Fáilteachais agus Turasóireachta. Is é an t-ionad é atá ainmnithe go náisiúnta chun an clár d'Fhorbairt Bainisteoir Óstáin faoi Oiliúint a sheachadadh agus tá sé ina Ionad Taighde Feidhmí do thionscal an fháilteachais.

D'fhreastail na mic léinn Máistreachta i Riarachán Gnó (MBA) ar Ollscoil Heilbronn na Gearmáine ar feadh dianmhodúil 10 lá in éineacht le Breda O'Dwyer .

Ceann Scoile:	Kay Fitzgerald, Uas.
Ceann Roinne (Staidéar Gnó):	Mary Rose Stafford, Uas.
	An Dr. Clare Rigg (ón 06/02/2012)
Ceann Roinne (Faisnéisíocht Ghnó):	Mary Lucey, Uas.
Ceann Roinne (Léann Daonna):	Aisling Sharkey, Uas.
Ceann Roinne (Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht):	Mary Rose Stafford, Uas.
	An Dr. Clare Rigg (ón 06/02/2012)
Ceann Rannóige (Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht):	An tUas. T.J. O'Connor

Scoil na hInnealtóireachta agus na Foirgníochta

Tairgeann Scoil na hInnealtóireachta agus na Foirngníochta réimse cláracha ardteastais, baitsiléara, baitsiléara le honóracha agus iarchéime. Tugann an meascán idir teoiric agus cleachtas i gcláracha na scoile bonn láidir do gharimréim as a bhfaighidh na mic léinn luach a saothair.

Baineann ár gcuid cúrsaí innealtóireachta le héilimh an tionscail. Tá siad dírithe ar ghairmréim agus tá gné phraiticiúil fhairsing acu. Tá comhpháirt taithí oibre ag roinnt cúrsaí lena gcinntítear go dtugtar ullmhú maith dár mic léinn do ghairmréim ina n-éireoidh leo. Tugann cuid dár gcúrsaí díolúintí duit ó cháilíocht ghairmiúil.

Eolas Ginearálta

Le linn míonna tosaigh na bliana acadúla ghlac roinnt ball foirne páirt i gCuairteanna Scoile chun na cúrsaí atá againn sa Scoil Innealtóireachta & Staidéir Fhoirgníochta a chur chun cinn.

Thug Institiúid na nInnealtóirí Talmhaíochta creidiúnú do chúrsaí na Scoile i mí Dheireadh Fómhair 2011. Thug an Dr. Steve Parkin, an tUas. Malcolm Carr-West, an tUas. Richard Trevarthen, Alison Chapman, Uas. agus an tUas. John Parker cuairt ar an Institiúid mar chuairt Painéil ar an 14 Deireadh Fómhair 2011 agus chun ár gcuid cúrsaí a scrúdú. Lena chois sin bhuaileadar le mic léinn reatha, céimithe agus fostóirí.

Bhí Taispeántas Gairmréimeanna de chuid Institiúid na gComhairleoirí Treorach (ICG) i gCiarraí ar siúl in Óstán Brandon i mí na Samhna 2011. Bhí Martin O'Neill, Chris O'Donoghue, Tom Reidy agus Sean O'Mahony i láthair mar ionadaithe na Scoile ag an taispeántas seo .

Imeachtaí

Comhghairdeas leis an mac léinn Eugene Sheehy CM500 a fuair an Gradam Teastas Sármhaitheasa Institiúid Chairte Tógála (CIOB) i 2011, agus le Padraig Harty AE500 a fuair Gradam Gnóthachtála John Deere as ucht a bheith ina mhac léinn sármhaith na bliana.

Mar thoradh ar bhás roimh am ár gcomhghleacaí Patrick Flynn i mí Bhealtaine 2010 chuir an Scoil tús le gradam innealtóireachta Patrick Flynn i gcuimhne dó. Bronntar go bliantúil é ar an mac léinn is fearr ag Leibhéal 7 i Scoil na hInnealtóireachta. Comhgháirdeas do James Knightly CE300 a fuair an gradam ag an searmanas bronnta i mí Dheireadh Fómhair 2011.

Lena chois sin fuair na Meicneoirí Talmhaíochta seo a leanas na gradaim seo ón tionscal:

Raymond McCaffrey – Printíseach AGCO is fearr
Ronan Morrissey – Gradam cuimhneacháin JR Perry Memorial le FTMTA
David McMahon – Gradam Gnóthachtála John Deere le Gearys
Joseph Holmes – Corn Cuimhneacháin Patrick Allen le New Holland

Thug 22 mhac léinn Innealtóireachta Talmhaíochta cuairt ar an nGearmáin i mí Dheireadh Fómhair 2011. Mar chuid den gcuairt seo tugadh cuairteanna ar roinnt monarchana innealtóireachta lena n-áirítear Krone, Claas agus John Deere.

D'fhreastail Brendan O'Donnell ar Chomhdháil Bithgháis a cuireadh ar siúl ag Cumann Foirgnimh Feirme na hÉireann i mí Dheireadh Fómhair 2011.

Chuaigh na mic léinn ar chuairt láithreach go Kostal ar an 23 Samhain 2011.

I mí Feabhra 2012 ghlac mic léinn Innealt. Shibh./Suirbh. Chainn. páirt sa Dúshlán CIOB do Mhic Léinn ag Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh. Bhí David Hegarty ina dteannta.

Comhcheardlanna Acadúla (JAWs)

Tionóladh cruinnithe JAWS le linn na Bliana Acadúla 2011/2012 le linn am lóin i gcónaí. D'fhreastail an Ceann Roinne, Teagascóirí Ranga agus Ionadaithe Ranga na Mac Léinn ar na cruinnithe seo. Leis na cruinnithe seo tugadh deis do na mic léinn ceisteanna a ardú ar nós rochtain ar áiseanna, dáileadh éileamh oibre, léachtóirí ag leanúint ar aghaidh go ró-thapaidh, deacrachtaí le hábhar srl. De ghnáth réitítear ceisteanna mar seo ag an gcruinniú roinne nó laistigh de lá nó dhó má oibríonn an Ceann Roinne/Ceann Scoile le hIonadaithe na Mac Léinn.

Cruinnithe na Roinne

De bharr go bhfuil na baill foirne, an t-ábhar, na háiseanna agus an trealamh céanna i gceist deineadh cruinnithe boird na gcúrsaí a roinnt ina dhá chatagóir:

Innealtóireacht Shibhialta/Foirgníocht

Innealtóireacht Talmhaíochta, Innealtóireacht Mheicniúil, Innealtóireacht Mheicniúil & Leictreonach, Innealtóireacht Táirgeachta, Fuinneamh Inathnuaite & Bainistiú Fuinnimh i dteannta a chéile.

Reáchtáiltear cruinnithe Boird na Scoile agus cruinnithe na Feidhmeannacht Innealtóireachta le linn na bliana chomh maith.

Pléadh athstruchtúrú na Ranna Acadúla agus na Scoileanna i mí Bhealtaine 2012 d'fhonn é a chur i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2012.

Cúrsaí Foirne

Chuaigh ceathrar ball foirne ar scor ó IT, Trá Lí sa Bhliain Acadúil 2011/2012.

Cúrsaí:

Thairg Scoil na hInnealtóireachta na cúrsaí seo a leanas sa Bhliain Acadúil 2011/2012:

Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Déantúsaíochta
Baitsiléir Eolaíochta i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh
Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Comhshaoil
Baitsiléir Eolaíochta i Suirbhéireacht Cainníochta
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Talmhaíochta
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Ardteastas Eolaíochta i bhFoirgníocht
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta

Tá modúil Céime 4 agus Céime 6 á seachadadh ag Scoil na hInnealtóireachta faoi láthair ar na cúrsaí printíseachta seo a leanas:

Cearpantóireacht & Siúinéireacht
Meicníocht Talmhaíochta

Is í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí an t-aon choláiste sa tír a thairgeann cúrsaí printíseachta ag leibhéal ceirde i Meicníocht Talmhaíochta. Ag an Institiúid gheobhaidh na printísigh taithí ar an teicneolaíocht úrscothach a úsáidtear sa réimse is rogha dóibh, agus déanfaidh siad staidéir uirthi .

Cruthaíodh an Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i bhFuinneamh Inathnuaite & Bainistiú Fuinnimh agus an Baitsiléir in Eolaíocht Talmhaíochta i mí Bhealtaine 2012 agus dhaingnigh Painéal Seachtrach iad ag an am céanna .

Cruthaíodh an Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Talmhaíochta i mí Mheithimh 2012 agus dhaingnigh Painéal Seachtrach é ag an am céanna.

Ceann na Scoile:	An tUas. John Murphy (chuaigh ar scor Feabhra 2012)
Ceann na Scoile:	An Dr. Joseph Walsh (ó Lúnasa 2012)
Ceann Roine:	An tUas. Tim Segal
Riarthóir Scoile:	Colette Commane
Rúnaí na Scoile:	Claire Horan

Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta

Tá Scoil na hEolaíochta agus na Ríomhaireachta ar cheann de thrí scoileanna na hInstitiúide. Tá ceithre Roinn inti: Ríomhaireacht & Matamaitic, Na hEolaíochtaí Bitheolaíochta & Cógaisíochta, Staidéar Sláinte agus Fóillíochta agus Staidéar Altranais & Cúram Sláinte.

Tairgeann an Scoil cláracha múinte idir Ardteastas agus Mháistreacht. Tá líon na gcúrsaí a fhorbraítear agus a thairgtear i gcomhar le coláistí eile go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta i méid de réir a chéile. Tá an Scoil ag forbairt acmhainní ar líne dá cuid féin i gcónaí agus is féidir roinnt modúl a ghlacadh trí chur chuige foghlama cumaisc, is é sin, meascán d'fhreastal agus foghlaim ar líne. Ina theannta sin tá foghlaimeoirí cláraithe ar chláracha taighde Mháistreachta agus Dochtúireachta. Tá roinnt réimsí taighde straitéiseacha ag an Institiúid a bhaineann leis an Scoil - áiritear orthu seo Lárionad Biththeicneolaíochta Feidhmí na Sionnaine, Lárionad Fisiciúil Oiriúnaithe CARA, an Lárionad um Nuáil i gCórais Dháilte, an Lárionad um Optaic Gheoiméadrach agus an Lárionad um Chur chun cinn Oideachais Idirghairme (CAIPE). Aithíonn an Scoil luach comhghuallachtaí straitéiseacha mar shás chun aischothú a fháil, chun ár gcuid príomhghníomhaíochtaí a threisiú agus chun deiseanna a chruthú dár gcuid luchtanna leasa agus dúinn féin. Tá líonra comhpháirtíochtaí forbartha ag gach Roinn laistigh den Scoil ag a bhfuil réimse ilghnéitheach eagraíochtaí inár réigiún, sa tír agus lasmuigh di.

Sa bhliain 2011/2012 maoiníodh na cúrsaí seo a leanas faoin tionscnamh Lingchláir:

- Teastas i mBitheolaíocht agus Ceimic
- Teastas in Eolaíocht Chomhshaoil
- Máistreacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachais

Tháinig méadú 5% ar líon na mac léinn sa Scoil i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tá 1007 mac léinn inti (86 mac léinn páirtaimseartha i gcomparáid le 66 sa bhliain roimhe agus 921 mhac léinn lánaimseartha i gcomparáid le 995 sa bhliain roimhe). Tá 48 mac léinn cláraithe faoi láthair i gcomhair staidéar iarchéime (idir chúrsaí múinte agus taighde).

Tá léargas ar imeachtaí agus gnóthachtálacha sa liosta thíos:

- Seachtain eolaíochta i mí na Samhna 2011
- Roghnaigh Coimisiún an AE an tionscadal TOI EIPET 2007 mar ionadaí ar an 'tionscadal is fearr' a maoiníodh faoin gClár Foglama Ar Feadh an tSaoil.
- Rinneadh an chéad staidéar cáis den Ionad ITT CARA APA don gclub cuimsitheachta a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta air, arna dhearadh ag Peter Downs - (Coimisiún Spoirt na hAstráile).

- Bhí an comhdháil FittSport ar siúl i mí Feabhra 2012
- Bhí an Chomhdháil Parenting Our Children Art & Science 2012 ar siúl i mí Feabhra 2012 i gcomhar le FSS, CAIPE
- Cuireadh CampAbilites Ireland ar siúl i mí Aibreáin 2012
- Reáchtáladh SciFest i mí Bhealtaine 2012

Comhdháil FittSport Feabhra 2012

Ceann na Scoile:	An tUas. Seamus O'Shea
Ceann Roinne: Na hEolaíochtaí Bitheolaíochta & Cógaisíochta :	An Dr. Noel Mulligan
Ceann Roinne: Staidéar Sláinte & Fóillíochta :	Aileen Kennedy, Uas.
Ceann Roinne: Ríomhaireacht & Matamaitics:	An Dr. Noel Mulligan
Ceann Roinne: Altranas & Staidéar Cúram Sláinte:	An Dr. Gary Brown

Tuarascáil Bhliantúil na Leabharlainne

Triail bunachar sonraí IEEE Mí Mheán Fómhair 2011
D'eagraigh an Leabharlann triail an bhunachar sonraí IEEE ón 19ú Meán Fómhair go 19ú Deireadh Fómhair 2011.

SportDiscus le síntiús Lántéacs Samhain 2011
Chuir an Leabharlann tús le síntiús SportDiscus le bunachar sonraí Lántéacs. Ar an acmhainn seo áitítear rochtain ar breis is 550 iris agus r-leabhar lántéacs.

Taispeántas grianghraf "VIsions of Africa" de chuid Kerry Action for Development Education, Nollaig 2011
Bhí an leabharlann ina hóstach don taispeántas grianghraf Visions of Africa de chuid KADE. Bhí sé ar siúl ó laethanta luatha mhí na Nollag go lár mhí Eanáir.

Scaipeadh torthaí na suirbhéanna Mac léinn agus Foirne de chuid na Leabharlainne i mí na Nollag 2011
Scaipeadh torthaí na suirbhéanna a reáchtáladh i mí Bhealtaine/Mheithimh 2011 ar na baill foirne agus na mic léinn go léir.

Nuachtlitir na Leabharlainne 2011
Scaipeadh Nuachtlitir na Leabharlainne Geimhreadh 2011 ar na baill foirne agus na mic léinn go léir trí r-phost agus cuireadh cóipeanna clóbhuailte ar fáil chomh maith.

Síntiús le hIEEE na Leabharlainne Nollaig 2011
Chuir an leabharlann tús le síntiús chuig Leabharlann IEEE. Bunachar sonraí é seo ina bhfuil 3 mhilliún alt lántéacs ó IEEE agus IET. Príomhacmhainn is ea í seo do mhic léinn innealtóireachta, ríomhaireachta, eolaíochta agus teicneolaíochta. Áiríonn sé: Irisí IEEE; Comhdhálacha IEEE; Caighdeáin IEEE; Irisí IET; Comhdhálacha IET.

Cuireadh tús le síntiús le bunachar sonraí dlí Westlaw i mí Eanáir 2012
Chuir an leabharlann tús le síntiús le bunachar sonraí Westlaw i mí Eanáir. Cuireadh sin in ionad an tsíntiúis le bunachar sonraí dlí Lexis Law.

Suiteáil córas scaipthe agus rialaithe stoic RFID na Leabharlainne Márta 2012.
Le linn mhí Mhárta chuir an Leabharlann tús le hobair suiteála córas RFID chun cioclaíocht agus stoc a rialú. Tugann an córas RFID seirbhís fheabhsaithe d'úsáideoirí na leabharlainne mar cuireann sé ar chumas na foirne déileáil le heisiúint nó tabhairt ar ais earraí go mear mar is féidir roinnt earraí a eisiúint/a thabhairt ar ais ag an am céanna. Chomh maith leis sin tá sé níos fusa do lucht iasachta earraí a eisiúint agus a thabhairt ar ais iad féin agus feabhsaíonn sé rialú stoic trí aimsiú earraí a cuireadh san áit mhícheart ar seilfeanna na leabharlainne a éascú.

Seoladh seirbhís iasachta ríomhairí glúine Márta 2012
De bharr ardéilimh ar ríomhairí sa leabharlann le linn uaireanta gnóthacha thug an leabharlann isteach seirbhís iasachta ríomhairí glúine. Is féidir ríomhairí glúine a fháil ar iasacht ar feadh 2 uaire an chloig laistigh den leabharlann agus is féidir an tréimhse iasachta a fhadú mura bhfuil an ríomhaire curtha in áirithe ag úsáideoir eile.

Seoladh suíomh gréasáin nua na leabharlainne agus an ardáin Summon Discovery Aibreán 2012
Seoladh suíomh gréasáin nua na Leabharlainne ar an 4ú Aibreán. Ar an suíomh nua tá feabhas mór ar an gcomhéadan cuardaigh. Tá sé i bhfad níos simplí agus é á chumhachtú ag bogearraí Summon. Is féidir an comhéadan seo a úsáid chun bunachair shonraí leabharlainne agus acmhainní ar líne eile a chuardach in aon chuardach simplí amháin. Tháinig sé seo in ionad an t-síntiúis a bhí againn roimhe seo le Cuardach Comhtháite EBSCOHost.

Suirbhé na Leabharlainne ar mhic léinn agus baill foirne Bealtaine/Meitheamh 2012
Scaip an Leabharlann a suirbhé bliantúil ar líne ar na baill foirne agus na mic léinn araon. Bhí rogha ag na mic léinn leagan clóbhuailte a chomhlánú sa leabharlann chomh maith. Dhún an suirbhé go luath i mí Iúil. Bhí aiseolas agus tuairimí á lorg ag an suirbhé ar gach gné den tseirbhís leabharlainne. Fuarthas 142 fhreagra ó mhic léinn san iomlán (86% díobh ar an gCampas Thuaidh agus 14% díobh ón Champas Theas) agus fuarthas 47 bhfreagra ón bhfoireann (70% ón gCampas Thuaidh / 30% ón gCampas Theas).

Seoladh Leathanach Facebook na Leabharlainne Meitheamh 2012
Sheol an leabharlann leathanach Facebook i mí Mheithimh
http://www.facebook.com/ITTraleeLibrary

Foireann na Leabharlainne
Patrick Doherty, Leabharlannaí
Catherine Murray, Leas-Leabharlannaí
Donal O'Sullivan, Leabharlannaí Cúnta
Tony Murphy, Leabharlannaí Córas
Gerard Griffin, Cúntóir Leabharlainne Sinsearach
Josephine Deane, Cúntóir Leabharlainne
Mary Hopkins, Cúntóir Leabharlainne
Siobhan O'Callaghan, Cúntóir Leabharlainne
Angela O'Connor Desmond, Cúntóir Leabharlainne
Catherine O'Neill, Cúntóir Leabharlainne
Mary Warner, Cúntóir Leabharlainne

Cláracha

Soláthraíonn IT, Trá Lí réimse cláracha lánaimseartha i Staidéar Gnó agus Staidéar Sóisialta, Innealtóireacht & Staidéar Foirgníochta, agus Eolaíocht & Ríomhaireacht. nte) de Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tá Údarás Tarmligthe ón gComhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna ag an Institiúid chun dámhachtainí a bhronnadh ag Leibhéil 6,7,8 agus 9 (cláracha múinte) de Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

An Scoil Ghnó & Léinn Dhaonna:

Teastas i mBainistíocht Ghnó (Miondámhachtain)
Teastas in Ardchleachtas Bainistíochta
Teastas i bhFiontraíocht Turasóireachta
Teastas i gCórais Faisnéise Gnó
Cúrsa Teicneoir Cuntasaíochta de chuid Chumann na gCuntasóirí Cairte Deimhnithe (ACCA)

Ardteastas in Ardstaidéar Gnó
Ardteastas i Staidéar Gnó
Ardteastas i gCórais Faisnéise Oifige

Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó - Cuntasaíocht
Baitsiléir Gnó - Gnó Idirnáisiúnta
Baitsiléir Gnó - Bainistíocht
Baitsiléir Gnó - Margaíocht
Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon i gCúram Luathóige agus Oideachas
Baitsiléir Ealaíon i gCleachtas Obair Óige agus Pobail
Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta
Baitsiléir Ealaíon sna hEalaíona Cócaireachta
Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Córas Faisnéise
Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Baitsiléir Gnó (Onóracha) - Bainistíocht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) - Margaíocht
Baitsiléir Gnó (Onóracha) - Cuntasaíocht
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Óstáin
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCraoladh Teilifíse, Raidió agus Meáin Nua
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil

Baitsiléir Ealaíon i Staidéar Sóisialta Feidhmeach i gCúram Sóisialta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCleachtas Obair Óige agus Pobail
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta
Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

Cláracha Óstáin, Lónadóireacht agus Turasóireacht
Sainteastas i gCócaireacht Ghairmiúil
Ardteastas Ealaíon i Staidéar Fáilteachais
Ardteastas Ealaíon sna hEalaíona Cócaireachta
Ardteastas Ealaíon i Maoirseacht Beáir
Clár Treorú Turais - Dámhachtain Shainchuspóra
Bainistíocht Oibríochtaí Bialainne Dámhachtain Shainchuspóra

Cláracha Iarchéime
Máistreacht trí Thaighde
Ph.D. trí Thaighde
Máistreacht Ghnó
Máistreacht Ghnó i bhFiontar
Máistreacht Ghnó - Bainistíocht Córas Faisnéise
Máistreacht Ealaíon trí Thaighde
Máistreacht i Riarachán Gnó

Scoil ns hInnealtóireachta

Teastas i bhFuinneamh Inathnuaite
Teastas i mBainistíocht Fuinnimh
Teastas i dTeicneolaíocht Innealtóireachta
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Ardteastas Innealtóireachta i bhFoirgníocht
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil

Cearpantóireacht & Siúinéireacht FÁS Céim 4
Cearpantóireacht & Siúinéireacht FÁS Céim 6
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 4
Meicníocht Talmhaíochta FÁS Céim 6
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) Innealtóireacht Shibhialta
Baitsiléir Eolaíochta (Gnáthchéim) i bhFoirgníocht
Baitsiléir Eolaíochta (Gnáthchéim) i Suirbhéireacht Cainníochta
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) Innealtóireacht Talmhaíochta

Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) Innealtóireacht Táirgeachta
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach
Baitsiléir Innealtóireachta (Gnáthchéim) i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Áiseanna
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Déantúsaíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Talmhaíochta

Máistreacht trí Thaighde
Ph.D. trí Thaighde

Scoil na hEolaíochta
Teastas sna hEolaíochtaí Comhshaoil (Miondámhachtain)
Teastas i mBitheolaíocht agus Ceimic Fheidhmeach (Miondámhachtain)
Ardteastas i dTacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise
Ardteastas in Eolaíocht Bitheolaíochta agus Comhshaoil

Baitsiléir Eolaíochta i bhForbairt Bogearraí Ríomhaire
Baitsiléir Eolaíochta i bhForbairt Cluichí Ríomhaireachta
Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le hIlmheáin
Baitsiléir Eolaíochta in Anailís Cógaisíochta le hEolaíocht Comhshaoil
Baitsiléir Eolaíochta in Anailís Cógaisíochta le Fóiréinsic
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht le Gníomhaíochtaí Coirp Oiriúnaithe
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht - Corpoideachas
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht - Gairmí Aclaíochta
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht - Forbairt Spóirt
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht - Folláine
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht le Suathaireacht
Baitsiléir Eolaíochta i dTacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le hIlmheáin
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le bhForbairt Cluichí
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas - Altranas Gineálta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas - Altranas Meabhairshláinte
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Anailís Cógaisíochta le hEolaíocht Comhshaoil
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Anailís Cógaisíochta le Fóiréinsic
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fiadhúlra

Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le bhForbairt Cluichí
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le hIlmheáin
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Forbairt Bogearraí
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte agus Fóillíocht le Suathaireacht

Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht le Gníomhaíochtaí Coirp Oiriúnaithe
Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht - Corpoideachas
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte agus Fóillíocht - Gairmí Aclaíochta
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte agus Fóillíocht - Forbairt Spóirt
Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte agus Fóillíocht - Folláine

Máistreacht agus PhD trí Thaighde
Máistreacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachais

Dioplóma i gCeannaireacht Altranais
Máistreacht Eol. in Altranas
Ard-dioplóma Eolaíochta i Ríomhaireacht

Scúdaitheoirí Seachtracha

Ceapann an Institiúid Scrúdaitheoirí seachtracha d'fhonn rialú caighdeán a chinntiú i scrúduithe atá á modhnú ag an gComhairle. Is féidir scrúdaitheoirí seachtracha a cheapadh maidir le clár iomlán nó d'ábhair aonair. Is í feidhm na scrúdaitheoirí seachtracha ná:

- A chinntiú go gcuirtear caighdeáin chuí i bhfeidhm
- A chinntiú gur caighdeáin atá inchurtha lena chéile atá i bhfeidhm ó institiúid go chéile
- Féachaint ar dhréacht de gach páipéar scrúdaithe, freagraí samplacha agus scéimeanna marcála, agus athbhreithnithe, ceartúcháin, leasuithe srl. a dhéanamh a mheasann siad a bheith cuí
- Tuairim a cheapadh ar oiriúnacht marcála ag gach leibhéal den aicmiú, ar ábhair scrúdaithe a chuirtear os comhair na n-iarrthóirí
- Féachaint ar ábhar meastóireachta a chuireann na mic léinn i láthair
- Cuairt a thabhairt ar an Institiúid uair sa bhliain

Bhí na daoine seo a leanas ag obair mar scrúdaitheoirí seachtracha sa Bhliain Acadúil 2011/2012.

An Scoil Ghnó & Staidéir Shóisialta

An Dr. Angela Wright	Ardteastas i nGnó Baitsiléir Gnó (Onóracha) - ab initio Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Córas Faisnéise
An tUas. Donagh O'Shea	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil
An Dr. Anthony Foley	Ardteastas i Staidéar Gnó Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha)
An tUas. Gerard Long	Ardteastas i Staidéar Gnó Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha)
An Dr. Kerry Hagen	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCraoladh Teilifíse, Raidió agus Meáin Nua Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha
An Dr. Aileen Lawless	Máistreacht Ghnó Máistreacht i Riarachán Gnó
Jacinta Greene Beatty, Uas.	Ardteastas i Staidéar Fáilteachais Dioplóma i mBainistíocht Oibríochtaí Bialainne (Dámhachtain Shainchuspóra)

An tUas. Jim Mulroy	Ardteastas i nGnó Ardteastas in Ardstaidéar Gnó Baitsiléir Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha)
An tUas. Noel P O'Brien	Ardteastas i nGnó Ardteastas in Ardstaidéar Gnó Baitsiléir Gnó (Gnáthchéim) Breise Baitsiléir Gnó (Onóracha) Breise Baitsiléir Gnó (Onóracha) - ab initio
An Dr. Kevin Lalor	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
An Dr. John Pender	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon i gCleachtas Obair Óige agus Pobail
Lorraine Halpin, Uas.	Ardteastas Gnó i gCórais Faisnéise Oifige Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (ab initio) i mBainistíocht Córas Faisnéise
An Dr. Ashling Jackson	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Sóisialta
An Dr. Sinead O'Leary	Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Turasóireachta agus Taistil Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta
Mary Reid, Uas.	Ardteastas sna hEalaíona Cócaireachta
An tUas. Simon Regan	Sainteastas i gCócaireacht Ghairmiúil (Clár Tumoideachais)
An Dr. Deirdre Horgan	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Luathóige agus Oideachas Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
An Dr. Declan Fleming	Máistreacht Ghnó Máistreacht i Riarachán Gnó

Nuala O'Connor, Uas.	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) in Ilmheáin Idirghníomhacha Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i dTeicneolaíocht an Cheoil Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon i gCraoladh Teilifíse, Raidió agus Meáin Nua
An tUas. Frank Xavier O'Connor	Baitsiléir Ealaíon sna hEalaíona Cócaireachta (Páirtaimseartha)
An tUas. Steve McNamara	Baitsiléir Ealaíon i gCleachtas Obair Óige agus Pobail
An tUas. Theo Lynch	Ardteastas i gCócaireacht Ghairmiúil (Clár Tumoideachais)
Gail Cotter Buckley, Uas.	Ardteastas Ealaíon i Maoirseacht Beáir
Denise Lyons, Uas.	Baitsiléir Ealaíon i gCúram Luathóige agus Oideachas Baitsiléir Ealaíon i gCúram Sóisialta Baitsiléir Ealaíon i gCleachtas Obair Óige agus Pobail
An tUas. Donncha O'Donoghue	Ardteastas i Staidéar Gnó Baitsiléir Gnó (Onóracha)
Clare O'Grady, Uas.	Ardteastas Gnó i gCórais Faisnéise Oifige Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Córas Faisnéise Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Córas Faisnéise (ab initio)
An Dr. Anna Ridgway	Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i gCúram Luathóige agus Oideachas
Pauline Jordan, Uas.	Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Turasóireacht Eachtraíochta Baitsiléir Ealaíon i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta Baitsiléir Ealaíon (Onóracha) i mBainistíocht Taistil agus Turasóireachta

Scoil na hEolaíochta agus Ríomhaireachta

An Dr. Sean Reidy	Baitsiléir Eolaíochta in Anailís Cógaisíochta le Fóiréinsic Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Anailís Cógaisíochta le Fóiréinsic Baitsiléir Eolaíochta in Anailís Cógaisíochta le hEolaíocht Comhshaoil Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) Anailís Cógaisíochta le hEolaíocht Comhshaoil

	Ardteastas in Anailís Cógaisíochta le hEolaíocht Cosmaidí Baitsiléir Eolaíochta in Anailís Cógaisíochta le hEolaíocht Cosmaidí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Anailís Cógaisíochta le Cosmaidí Ardteastas i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil An Clár Tosnaithe Leighis
An tUas. Andrew Beatty	Ardteastas Ríomhaireachta - Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le Forbairt Gréasáin Idirghníomhaigh Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Forbairt Gréasáin Idirghníomhaigh Ard-dioplóma Eolaíochta i Ríomhaireacht
Ann Fitzgerald, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte, Aclaíocht agus Staidéar Fóillíochta
Maura Fitzsimons, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Ginearálta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Meabhairshláinte
Jane McCarthy, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Ginearálta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Meabhairshláinte
An Dr. Daniel Walsh	Baitsiléir Eolaíochta i mBitheolaíocht Fheidhmí Baitsiléir Eolaíochta in Anailís Cógaisíochta le Fóiréinsic Baitsiléir Eolaíochta in Anailís Cógaisíochta le hEolaíocht Comhshaoil Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Anailís Cógaisíochta le hEolaíocht Comhshaoil Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Anailís Cógaisíochta le Fóiréinsic

An Dr. Jean Hughes	Máistreacht Eol. i dTeicneolaíochtaí Oideachais
An tOll. Ken Whelan	Ardteastas in Eolaíocht in Eolaíochtaí Bitheolaíochta agus Comhshaoil Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fiadhúlra
An tUas. Damien Gordon	Ardteastas i Ríomhaireacht - Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht i bhForbairt Bogearraí Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Forbairt Cluichí Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le hIlmheáin Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le Tacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise Baitsiléir Eolaíochta i Ríomhaireacht le Forbairt Gréasáin Idirghníomhaigh Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Ríomhaireacht le Forbairt Gréasáin Idirghníomhaigh Ard-dioplóma Eolaíochta i Ríomhaireacht Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistíocht Seirbhísí Ríomhaireachta
An tUas. Gordon Mitchell	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Altranas Meabhairshláinte
An Dr. Paul Conway	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte, Aclaíocht agus Staidéar Fóillíochta
An Dr. Susan Crawford	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte, Aclaíocht agus Staidéar Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
An Dr. Frank O'Brien	Ardteastas in Eolaíocht i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fiadhúlra

An Dr. Rory Harrington	Ardteastas i Staidéar Bitheolaíochta agus Comhshaoil Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBitheolaíocht Fiadhúlra
An Dr. Brian Coates	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais Baitsiléir Eolaíochta i Sláinte agus Fóillíocht le Corpoideachas
Shirley Congdon, Uas.	Máistreacht Eol. in Altranas
An Dr. Tadhg MacIntyre	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte, Aclaíocht agus Staidéar Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
An tUas. Martin Kavanagh	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Sláinte, Aclaíocht agus Staidéar Fóillíochta
Suzanne Kennedy, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
Anne Mangan, Uas.	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíocht le Suathaireacht Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Sláinte agus Fóillíocht le Suathaireacht
An Dr. Cian O'Neill	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i nGairmí Aclaíochta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Staidéar Corpoideachais
An Dr. Eugene Young	Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Sláinte agus Fóillíochta
Scoil na hInnealtóireachta	
An tUas. Michael Williams	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta
An Dr. Tadhg Brosnan	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Talmhaíochta
An tUas. Michael O'Gorman	Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach

An tUas. Dermot Forristal	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Talmhaíochta
An tUas. Brian Graham	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta
An tUas. Colm Fitzgerald	Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Foirgníochta
An tUas. Robert Smyth	BachelorBaitsiléir Eolaíochta i Suirbhéireacht Cainníochta
An tUas. Anthony Herlihy	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i mBainistiú Innealtóireacht Déantúsaíochta
An tUas. Eoin O'Neill	Baitsiléir Eolaíochta i Suirbhéireacht Cainníochta
An tUas. Brian Buckley	Baitsiléir Eolaíochta i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistíocht Fuinnimh
An tUas. Harold Curran	Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil agus Leictreonach Teastas i dTeicneolaíocht Innealtóireachta (Miondámhachain)
An tUas. Colm Tynan	Baitsiléir Eolaíochta i bhFuinneamh Inathnuaite agus Bainistiú Fuinnimh Teastas i mBainistiú Innealtóireachta (Miondámhachtain)
An tUas. Sean Doyle	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
Maria Kyne,Uas.	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Shibhialta
An Dr. Lorraine Howard	Ardteastas Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Táirgeachta
An tUas. John Bright	Ardteastas Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Foirgníochta

Staitisticí na Mac Léinn

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA, TRÁ LÍ

TUAIRISCEÁIN BHLIANTÚLA - CLÁRÚ MAC LÉINN LÁNAIMSEARTHA

Clárú tríú Leibhéil de réir leibhéal dámhachtana agus Roinne		Iomlán
Bunúsach (Faoi bhun leibhéil 6)		
	Eolaíochtaí Sóisialta	4
Leibhéal 05		*4*
Ardteastas –Leibhéal 06		
	Staidéar Gnó	100
	Ríomhaireacht	22
	Meáin Chruthaitheacha agus Teicneolaíocht	49
	Óstán, Cócaireacht agus	84
	Innealtóireacht Talmhaíochta	47
	Innealtóireacht Shibhialta/	5
	Innealtóireacht Déantúsaíochta	22
	Eolaíochtaí Bitheolaíochta agus Cógaisíochta	153
Leibhéal 06		*482*
Gnáthchéim - Leibhéal 07		
	Staidéar Gnó	210
	Ríomhaireacht	119
	Meáin Chruthaitheacha agus Teicneolaíocht	25
	Óstán, Cócaireacht agus	58
	Innealtóireacht Talmhaíochta	12
	Innealtóireacht Shibhialta/	24
	Innealtóireacht Déantúsaíochta	148
	Eolaíochtaí Bitheolaíochta agus Cógaisíochta	33
	Staidéar Sláinte agus Fóillíochta	234
	Eolaíochtaí Sóisialta	290
Leibhéal 07		*1153*

Céimeanna Onóracha- Leibhéal 08		
	Staidéar Gnó	163
	Ríomhaireacht	49
	Meáin Chruthaitheacha agus Teicneolaíocht Faisnéise	234
	Óstán, Cócaireacht agus Turasóireacht	26
	Innealtóireacht Talmhaíochta	15
	Innealtóireacht Shibhialta/Foirgníocht	17
	Innealtóireacht Déantúsaíochta	6
	Eolaíochtaí Bitheolaíochta agus Cógaisíochta	103
	Staidéar Sláinte agus Fóillíochta	70
	Altranas agus Eolaíochtaí Cúram Sláinte	261
	Eolaíochtaí Sóisialta	101
Leibhéal 08 Iomlán		***1045***

Iarchéimithe Lán/Páirtaimseartha Leibhéal 09 agus 10		
Staidéar Gnó	27	
Ríomhaireacht	21	
Meáin Chruthaitheacha agus Teicneolaíocht Faisnéise	5	
Eolaíochtaí Cógaisíochta	6	
Altranas agus Eolaíochtaí Cúram Sláinte	17	
Eolaíochtaí Sóisialta	2	
Iarchéimithe Iomlán		***78***
Óstán agus Cócaireacht - Cláracha Fáilte Éireann Lánaimseartha		15
Printíseachtaí (Deireadh na Bliana Acadúla)		88
IOMLÁN AN CHOLÁISTE:		**2865**


Bunús Baile Mac léinn Tríú Leibh. Lánaims.
2011 / 2012
60.00%
40.00%
20.00%
0.00%
56.55%
22.34%
2.26%
8.13%
5.38%
0.71%
4.63%
1
Ciarraí
An Mhumhain seachas Ciarraí
Connachta
Mic léinn AE
Laighin
Ulaidh
Mic léinn Neamh AE


Clárúcháin lánaims. Tríú Leibhéil/Printíseachtaí/Clár. Iarchéime
- Fireann 2011 / 2012
20.00%
10.00%
0.00%
Staid. Gnó - 15.09%
Ríomhaireacht -11.09%
Meáin Chruth. & Teic. Eolais - 6.33%
Óstán, Cóc. & Turas. - 11.99%
Innealtóir. Talmh. - 4.92%
Foirgn./Innealt. Shibh. - 2.97%
Innealt. Déantús. - 11.39%
Eolaíocht. Bitheol. / Cógas. - 11.79%
Staid. Sláinte & Fóill. - 12.53%
Altr. & Eolaíocht. Cúram Sláinte - 2.36%
Eolaíocht. Sóis. - 3.65%
Printísigh - 5.93%


Clárúcháin lánaims. Tríú Leibhéil/Printíseachtaí/Clár. Iarchéime - Baineann 2011 / 2012
30.00%
20.00%
10.00%
0.00%
Staid. Gnó- 20.28%
Ríomhaireacht - 10.97%
Meáin Chruth. & Teic. Eolais - 6.44%
Óstán, Cóc. & Turas. - 2.39%
Innealtóir. Talmh. - 0.07%
Foirgn./Innealt. Shibh. - 0.14%
Innealt. Déantús. - 0.51%
Eolaíocht. Bitheol. / Cógas. - 8.69%
Staid. Sláinte & Fóill. - 8.54%
Altr. & Eolaíocht. Cúram Sláinte - 17.60%
Eolaíocht. Sóis. - 24.55%
Printísigh - 0.00%


Clárúcháin lánaims. Tríú Leibhéil/Printíseachtaí/Clár. Iarchéime - de réir disciplíne 2011 / 2012
20.00%
10.00%
0.00%
Staid. Gnó - 17.59%
Ríomhaireacht - 10.92%
Meáin Chruth. & Teic. Eolais - 6.39%
Óstán, Cóc. & Turas. - 7.36%
Innealtóir. Talmh - 2.58%
Foirgn./Innealt. Shibh. - 1.61%
Innealt. Déantús. - 6.14%
Eolaíocht. Bitheol. / Cógas. - 10.30%
Staid. Sláinte & Fóill. - 10.61%
Altr. & Eolaíocht. Cúram Sláinte - 9.70%
Eolaíocht. Sóis. - 13.72%
Printísigh - 3.08%

Cúlra Sóch-eac. Iontrálaithe Nua chuig tríú leibh. amháin
2011 / 2012
30.00%
20.00%
10.00%
0.00%
Feirmeoirí - 10.27%
Gairmithe ardleibhéil - 2.70%
Fostóirí/Bainisteoirí - 8.78%
Oibrithe Féinchuntais - 9.86%
Oibrithe neamhlámhe - 8.11%
Oibrithe lámhe oil. - 16.35%
Oibrithe neamhoil. - 3.11%
Oibrithe Talmh. - 1.49%
Gairmithe Ísle - 5.14%
Leathoilte - 6.49%
Fostaithe eile/gan eol. - 27.70%

Seirbhísí do Mhic Léinn

Tá l "Timpeallacht thacúil ina dtugtar cúram a chur ar bun chun a chinntiú go dtacófar le gach mac léinn agus go gcuirfear ar a gcumas a lánacmhainneacht phearsanta agus acadúil a bhaint amach." Deintear athbhreithniú bliain i ndiaidh bliana ar an bpróiseas arb é seirbhísí do mhic léinn é agus pé áit ar féidir feabhas a chur orthu, cuirtear i ngníomh é. Agus líon agus ilghnéitheacht na mac léinn san institiúid ag dul i méid is é an dúshlán a bhíonn roimh na seirbhísí ná ardchaighdeán seirbhíse do mhic léinn a chur ar fáil mar a bhí go dtí seo.

Achoimre ar Rochtain & Míchumas

Bíonn na Seirbhísí Rochtana i dteagmháil leis na mic léinn, grúpaí réigiúnacha agus gníomhaireachtaí i gcónaí d'fhonn cur leis an traidisiún in IT, Trá Lí rochtain agus tacaíocht a sholáthar do mhic léinn nach raibh ach gannionadaíocht orthu san ardoideachas.

Sa bhliain acadúil seo bhí 271 mhac léinn faoi mhíchumas agus ag a raibh deacrachtaí foghlama acu, mic léinn ar a bhfuil disléicse san áireamh. Bhí fás i gcónaí ar líon na mac léinn a bhí ag baint leasa as na Seirbhísí Rochtana ar fud na bliana. Leanadh de na measúnaithe riachtanais duine le duine agus le tacaíocht leanúnach do mhic léinn ar a bhfuil míchumas. Bhíothas ag tarchur mac léinn chuig an Ionad um Theicneolaíocht Chúnta ag Ollscoil Luimnigh i gcónaí i mbliana. Tá míchumas agus míchumas foghlama clúdaithe ag an gcomhaontú leibhéal seirbhíse seo.

Tugann an Institiúid áit do chéatadán ard náisiúnta mac léinn lánfhásta: Cláraíodh 180 iontrálaí nua i mbliana.

Tháinig méadú ó 105 go 120 dalta meánscoile nua ar ionghabháil bhliantúil an Chlár Rochtana Dara Leibhéil Pathfinders i 2011. Grúpaí ranga na cúigiú bliana agus an rang ardteistiméireachta ó 9 scoil ainmnithe atá iontu. Cláraíodh 58 ndalta ar chúrsaí staidéir san Institiúid i gcomhair na bliana acadúla seo.

Leanadh den gClár Rochtana Bunscoile Sports for Success chomh maith. Ghlac 78 ndalta bunscoile páirt agus thacaigh mic léinn Sláinte agus Fóillíochta leo.

Sheol Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí, le tacaíocht Timthriall Chistiúcháin na gCuntas Díomhaoin I, clár gníomhaíochtaí a leanfaidh ar feadh cúpla bliana, i mí Mhárta 2010. Tá an clár seo dírithe ar naisc a bhfuil aitheantas foirmeálta acu agus atá spriocdhírithe a chur ar bun idir Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus Pobal an Lucht Taistil i gCiarraí; sraith shóisearach agus sraith shinsearach dara leibhéil, mic léinn cúrsaí iar-ardteistiméireachta agus foghlaimeoirí lánfhásta. Bhí baint ag 181 duine den Lucht Taistil leis an togra thar tréimhse dhá bhliana go dtí mí Bhealtaine 2012. Ar na daoine seo áirítear foghlaimeoirí bunscoile, meánscoile agus foghlaimeoirí lánfhásta. D'éirigh le 14 díobh teastas aon-ábhair de chuid CDAOO Leibhéal 6 in Oibríochtaí Cócaireachta a bhaint amach. Chláraigh mac léinn den Lucht Taistil foirmeálta ag IT, Trá Lí i mbliana agus bhain céim ag an leibhéal 7 amach.

Tá an tSeirbhís Tacaíochta Disléicse ag dul i méid i gcónaí agus tá a misean ag fás ag an am céanna - tá ról ríthábhachtach á chomhlíonadh aici i gcuspóirí foghlama plean straitéiseach na hInstitiúide. Tá Teagascóir Tacaíochta a bhfuil post páirtaimseartha aige i mbun comhordú na Seirbhíse Disléicse. Cláraíodh 175 mhac léinn leis an tSeirbhís i mbliana. Méadú suntasach é seo ó 131 mhac léinn a bhí againn i 2008/2009. Aithníodh 15 mhac léinn i mbliana tar éis dóibh clárú trí atreorú a dhein léachtóir nó trí fhéinthuairisciú. Bhain 65 mhac léinn san iomlán as maoiniú Eorpach do mhic léinn faoi mhíchumas. Maoiníodh riachtanais tacaíochta eile trí Chiste Míchumais na hInstitiúide. Baineann an Institiúid úsáid i gcónaí as seirbhísí ATAC - an tseirbhís measúnaithe agus oiliúna maidir le teicneolaíocht chúnta, d'fhonn oiliúint i dteicneolaíocht chúnta leanúnach a chur ar fáil do mhic léinn. Tá tuilleadh forbartha déanta ag an Teagascóir Tacaíochta Disléicse ar shamhail chomhtháite tacaíochta do mhic léinn ar a bhfuil siondróim Asperger, rud atá á chur ar siúl i gcomhar le Cork Autism, For-rochtain Asperger (Asperger's Outreach). Deineadh doiciméadú foirmeálta ar an tsamhail seo i mbliana, samhail atá ina shampla breá de chomhroinnt acmhainní agus tacaíocht idirghníomhaireachta.

Deineadh athbhreithniú agus athdhearadh nach beag ar an gcóras cumarsáide don doiciméad Riachtanas Foghlama Aonair agus deineadh é a uasghrádú ina uirlis ar líne a idirghníomhaíonn le Banner le haghaidh dáilte lárnaithe. Athrú amach is amach ab ea é ó thaobh héifeachtacht na seirbhíse de agus maidir leis an soláthraí seirbhíse a bheith ar fáil níos mó chun tabhairt faoi riachtanais na mac léinn a bhfuil tacaíocht á lorg acu.

Tá an tsamhail chomhoibritheach chun tacú le mic léinn ar shocrúchán cliniciúil a forbraíodh ag an Roinn Altranais, an tSeirbhis Tacaíochta Disléicse agus FSS faofa faoi dheireadh thiar agus is féidir í a chur i ngníomh faoin am seo. Cuireadh an tsamhail seo ar thaispeáint agus fáiltíodh go fonnmhar roimpi ar lá comhairliúchán de chuid AHEAD um Altranas agus Cnáimhseachas i mí Bhealtaine 2012. Tionscnamh é seo atá le feidhmiú mar ardán d'fhorbairt treoirlínte náisiúnta i gcomhair oibre le mic léinn altranais agus cnáimhseachais faoi mhíchumas i mbun cleachtais chliniciúil.

Sláinte & Folláine

Séiplíneacht

Tugann an séiplíneach tacaíocht thréadach do mhic léinn, foireann agus baill teaghlaigh a raibh bás sa teaghlach acu. Lena chois sin tá ról tábhachtach aige i gcomhordú leithdháileadh an Chiste Cúnaimh do Mhic Léinn. Trí bheith ag bualadh le mic léinn aonair i gcaitheamh na bliana tá mic léinn i ngátar dírithe aige chuig an gciste agus tá cabhair tugtha aige dóibh leis an bpróiseas. Bhí éileamh mór ar an gCiste Cúnaimh do mhic léinn i ngátar mór airgeadais i mbliana de dheasca meathlú na heacnamaíochta a imríonn tionchar díreach ar an méadú ar éileamh ar chabhair airgid.

Ba léir ó bhás brónach triúr mac léinn ag amanna difriúla i gcaitheamh na bliana a thábhachtach agus atá an Séiplíneach in am an bháis agus chun tacaíocht leantach agus seirbhísí cuimhneacháin a thabhairt.

Ionad Sláinte na Mac Léinn

Bíonn Ionad Sláinte na Mac Léinn oscailte do na mic léinn gach lá de sheachtain an choláiste. Bíonn cuairteanna saor in aisce chuig an mbanaltra ar fáil san ionad i gcónaí agus tá costas €10 ar chuairt chuig an dochtúir. Ba iad stíl bheatha, fadhbanna pearsanta, strus de bharr an chúrsa/staidéir agus gortuithe ba mhó ba chúis le fadhbanna sláinte coirp agus le fadhbanna síciatracha nó síceolaíochta. Reáchtáladh imeachtaí chun an t-sláinte a chur chun cinn agus clinicí sláinte ar fud na bliana.
Bhí dochtúir ar fáil ar feadh 2-3 uaire an chloig 4 lá sa tseachtain le linn an téarma i gcónaí i mbliana. Mar sin ba mhó an méid ama a bhí dochtúir ar fáil do na mic léinn. Bíonn gá le hathbhreithniú a dhéanamh air seo gach bliain mar thoradh ar riachtanais bhuiséid. Lena chois sin cuireann an tIonad Sláinte vacsaíniú roghnach ar fáil do mhic léinn atá ar shocrúchán oibre sa phobal.

Comhairleoireacht

Cuireann an tseirbhís chomhairleoireachta comhairleoireacht aon-uaire agus comhairleoireacht leanúnach ar fáil do mhic léinn chláraithe. Oibríonn an tseirbhís faoi phróiseas scagtha. Deineann comhairleoir gach duine a atreoraítear nó a fhéinatreoraítear a scagadh chun a dheimhniú a fheabhas agus is féidir cén cineáil agus cén leibhéal tacaíochta a bheadh ag teastáil ón mac léinn. Lena chois sin cabhraíonn an scagadh seo chun fadhbanna suntasacha a thabhairt chun solais nach mór iad a atreorú chuig Ionad Sláinte na Mac Léinn nó chuig gníomhaireachtaí ar leith lasmuigh. Is minic gur leor scagadh comhairleoireachta agus seisiúin thosaigh do mhic léinn chun cabhrú leo leanúint ar aghaidh trí thréimhsí deacra ina saol. Uaireanta eile bíonn gá le clár seisiún nó atreorú breise chun cabhrú leis na mic léinn treabhadh trí cheisteanna casta. Is é comhairleoireacht duine le duine is mó a mbíonn éileamh air. Leanadh de cheardlanna agus seisiúin ghrúpa áirithe, go háirithe tríd an clár Meantóra Piara do Mhic Léinn Lánfhásta.
Ar na seirbhísí a chuir comhairleoir ar fáil áirítear:

- Ceardlanna stíl bheatha agus meabhairshláinte
- Strus scrúdaithe a chur faoi smacht
- Meastóireacht agus comhairleoireacht
- Oiliúint aireachais
- Comhairle d'fhoireann/mic léinn

Mar thoradh ar clár foirmiúil a dhéanamh den gclár "Comhairleoir faoi Oiliúint" sna blianta roimhe seo tugadh deis do chomhairleoirí creidiúnú a bhaint amach agus uaireanta comhairleoireachta oiliúna a fháil san institiúid. Mar thoradh ar an gclár seo tá méadú tagtha ar líon na n-uaireanta comhairleoireachta a chuirtear ar fáil sa tseirbhís. Dá bhrí sin tá deis ag breis mac léinn leas a bhaint as an tSeirbhís Chomhairleoireachta. Tá an tseirbhís seo ag cothú caidreamh le heagraíochtaí/gníomhaireachtaí lasmuigh i gcónaí. Tugadh fás faoi deara ar fud na bliana ar rochtain a dheineann mic léinn lánfhásta ar an tseirbhís chomhairleoireachta.

Spórt

Tá clár iomaíoch spórt á chur ar fáil ag an Oifig Spóirt i gcónaí. Freastalaíonn sé orthu siúd atá tógtha le spórt iomaíoch agus spórt fóillíochta i bpobal na mac léinn. Tá líon na mac léinn a thugann faoi spórt ag dul i méid i gcónaí cé go bhfuil easpa áiseanna spóirt istigh ar an gcampas. Táthar ag súil go gcabhróidh pleananna chun áiseanna spóirt istigh a fhorbairt sna blianta amach romhainn chun rannpháirtíocht i spórt san Institiúid a chur chun cinn.

Ar achoimre ar ar baineadh amach áirítear iad seo a leanas:

LÚTHCHLEASAÍOCHT
Bhuaigh Daniel Clifford bonn Óir i gcaitheamh meáchain ag craobhchomórtas raoin is faiche laistigh de chuid Chumann Aclaíochta Ollscoileanna na hÉireann (IUAA). Bhí Daniel san iomaíocht ar son na hInstitiúide mar lúthchleasaí 'One year Down'.

BADMANTAN
Bhuaigh foireann badmantan ITT an Léig Bhadmantain Uile-Éireann, Roinn 3 CUSAI
Darina Stack, Jill Hurley, Myriam Veyrat-Charvillon, Phil Thomas, Killian Tobin, Samuel Lesaicherre

DÓRNÁLAÍOCHT
Bhuaigh gach duine díobh seo: David Brady, Christopher Thomas & Niall Curran boinn airgid sna comórtaisí idirollscoile.
Roghnaíodh Christopher Thomas chun dul i mbun comórtais leis an bhFoireann Idirollscoile Náisiúnta i gcoinne na bhForsaí Cosanta agus d'éirigh leis san troid seo.

JÚDÓ
John Griffin- Cré-Umha +100kg
Jamie Kevany McMahon- Ór i kyu íochtar, 4ú +100
Brenainn Gould Duff- Airgead i kyu íochtar
Daelyn Purcell- 4ú i kyu íochtar
Mark Sheils- 4ú i kyu íochtar
Emma Fitzgerald- 1ú i Faoi bhun 52kg, 3ú i Kyu uachtar
Amy Madigan Cooke- 2ú Faoi bhun 70kg
Kirsty McCrea- 3ú i kyu íochtar 2ú i Faoi bhun 63kg
Bhuaigh foireann na bhfear cré-umha san imeacht foirne
Bhuaigh foireann na mban airgead san imeacht airgid

RUGBAÍ
Roghnaíodh Romain Dard, Ciaran O'Connor, Eoin Murphy & Niall Kiely & Rory Skerritt ar fhoireann na gColáistí de chuid Rugbaí na Mumhan agus ainmníodh Ed Barnes mar chóitseálaí.

Roghnaíodh Brian Mullins, Niall Kiely Shane Gavin, Hugh Moran & Paddy O Neill ar fhoireann Léig Rugbaí na Mumhan agus bhuaigh IT, Trá Lí an turnaimint Léig Rugbaí a reáchtáladh i Luimneach.

SACAR NA mBAN
Bhuadh Léig Roinne 1 WSCAI agus bronnadh WSCAI All Stars ar na mic léinn seo a leanas; Martina O'Brien, Angela O'Mahony, Kiara Hannon, Jenni Lyttle, Caroline Carter & Jennifer Locke

SNÁMH
Bhuaigh Kieran Dowling bonn cré-umha i snámh feidhleacáin ag comórtaisí Snámha & Tarrthála Beatha idirollscoile agus lean ar aghaidh chun dul sa chomórtas le Foireann Snámha Idirollscoile na Náisiún Ceilteach.

RÁMHAÍOCHT
D'éirigh le Monika Dukarska a teideal Ollscoile a chosaint nuair a bhain sé Bonn Óir amach i gCraomhchomórtaisí Ollscoile na mBan Sinsearach 1x agus d'éirigh léi 3 uaire as a chéile!

LIATHRÓID LÁIMHE
Ag an gComórtas Idirollscoile bhuaigh
Shauna Hilley teideal Uile Éireann 60 x 30
Fergal Collins teideal Uile Éireann 60 x 30
John Murphy teideal Comhraiceora Uile Éireann 40 x 20
Alan O'Brien teideal Dúshlánaí Uile Éireann 40 x 20

PEIL NA mBAN
Bhuaigh Mac Léinn Céad Bliana 7, comórtas pláta thaoibh

Cumainn
In ITT, cuirtear réimse chuimsitheach cumann ar fáil a fhreastalaíonn ar réimse leathan suimeanna atá ag mic léinn. Idir lámhach le gunnaí aeir agus Ealaíon, Raidió agus Teanga Chomharthaíochta bíonn oiread is 20 cumann ar fáil do na mic léinn gach bliain acadúil. De réir mar a athraíonn treochtaí athraíonn na cumainn atá ar fáil dár gcuid mhic léinn. I saolré na gcumann tagann deiseanna chun cinn chun cumainn nua a chur ar bhun gach bliain chun freastal ar shuimeanna na mac léinn.

Léiríonn staitisticí na bliana go bhfuil 12% de mhic léinn lánaimseartha chláraithe ina mbaill ghníomhacha de chumainn. Tugann na figiúirí seo léargas dúinn ar an méid suime, agus í ag fás, i gcumainn in IT, Trá Lí. Tagann fás suntasach ar rannpháirtíocht sna cumainn bliain i ndiaidh bliana.

Agus na cumainn ag gabháil trína ngnáthshaolré éilimh tháinig cumainn nua chun cinn sa bhliain atá thart: Airsoft, LADT agus Ceol.

Comparáid Ballraíochta
BA 11/12: 34% de mhic léinn chláraithe rannpháirteach i gCumainn
BA10/11: 31% de mhic léinn chláraithe rannpháirteach i gCumainn
BA 09/10: 26% de mhic léinn chláraithe rannpháirteach i gCumainn
BA 08/09: 20% de mhic léinn chláraithe rannpháirteach i gCumainn

Gairmréimeanna
- Leanadh den obair ar sheisiúin treoracha agus oideachas gairmréime a chur ar fáil
- Reáchtáladh Aonach Gairmréimseanna bhliantúil i mí Dheireadh Fómhair 2011
- Cuireadh Seisiúin Gairmréimse ar fáil do scoláirí dara leibhéil Pathfinders ó cheann ceann na bliana
- Seachadadh seisiúin agallaimh bhréige agus ullmhúcháin d'agallamh

Cuireadh an suíomh gréasáin gairmréimeanna www.ittralee.ie/careersoffice cothrom le dáta agus deineadh cothabháil air Fógraíodh breis is 300 folúntas poist.
Ba é líon iomlán na dteagmhálacha leis an oifig (gan fiosruithe ar an nguthán san áireamh) ná ***1451.***
I 2010/2011 fuarthas 1429 dteagmháil (gan fiosruithe ar an nguthán san áireamh).

Tionscnaimh nua:

• Tháinig fás ar an gclár S2S i mbliana sa mhéid go bhfuil 20 meantóir nua rannpháirteach. Lena chois sin chuir an t-oifigeach clár chun cinn ag an mBord ÓCT ar an 18ú Eanáir a raibh de thoradh air gur ghlac mic léinn ÓCT leibhéil 8 páirt sa chlár.

•Eagraíodh aonach oibre deonaí ar an 8ú Nollaig 2011.

• Bhí an t-oifigeach mar ionadaí ar IT, Trá Lí ar fheidhmeannacht AHECS.

• D'eagraigh an oifig cruinniú líonraithe maidir le Modúl Socrúchán Oibre ar an 8ú Bealtaine. D'fhreastail fostóir ó Bhogach Thrá Lí, Iarsmalann Chontae Chiarraí agus Ionad Tom Crean air.

• D'fhreastail an tOifigeach ar gradaim fostóra bhliantúla gradireland i mBaile Átha Cliath ar an 25ú Aibreán agus labhair sé ag an ócáid.

• Seoladh suíomh gréasán nua Steps2Success ag: www.ittralee.ie/steps2success.

• Thug an t-oifigeach cur i láthair ar an gClár S2S do na seirbhísí gairmréime eile i mBaile Átha Cliath ar an 25ú Aibreán.

• Baineadh úsáid as Facebook, Linkedin agus Twitter chun an tseirbhís a chur chun cinn.

Tuarascáil ar Acmhainní Daonna

Tá ról ríthábhachtach ag Acmhainní Daonna maidir le tacú le haidhmeanna straitéise na hInstitiúide trí bheith ag bainistiú próisis earcaíochta, oiliúna, forbartha agus caidrimh tionscail agus foirne.

Tá fás á thabhairt faoi deara ag an Institiúid i gcónaí ar líon na mac léinn agus laghdú ar an líon foirne de dheasca an Chreat Rialúcháin Fostaíochta agus srianta ar an mbuiséad. Tá 413 duine ar an bhfoireann faoi láthair arb ionann é agus 305 ball foirne mar choibhéiseach lánaimseartha.

Ba mhaith linn aitheantas a thabhairt leis na baill foirne a chuaigh ar scor ón Institiúid i mbliana agus buíochas a ghlacadh leo.

Tá 14 bhall foirne ag saothrú ar PhD faoi láthair trínár gclár oiliúna agus forbartha agus tá roinnt ball foirne eile ag obair chun Máistreacht nó Céim a bhaint amach.

Cuireadh coiste cosanta leanaí a chur ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar na nósanna imeachta agus na próisis um chosaint leanaí laistigh den Institiúid.

Tuarascáil Airgeadais

Dhearbhaigh an tArd-Reachtaire Cuntas & Ciste na ráitis airgeadais don mbliain dár críoch 31 Lúnasa 2012 ar an 27 Lúnasa 2013. Ullmhaítear na ráitis airgeadais, a bhfuil sleachta díobh leagtha amach anseo thíos, d'réir phrionsabail chuntais a nglactar go forleathan leo fé choinbhinsiún an chostais stairiúil (ach amháin sócmhainní áirithe a chuirtear san áireamh ag an luacháil) agus d'réir riachtanais an Aire Oideachais &Eolaíochta.

Ioncam & Caiteachas

Taispeánann torthaí na bliana go bhfuil barrachas oibríochta de €1,240k , rud a chruthaíonn farasbarr carnach de €3,383k go dtí 31 Lúnasa 2012. Thit ioncam reatha na bliana seo 1.7% go €32,219k, ar a n-áirítear deontais stáit de €14,371k agus táillí teagaisc de €10,717k. Is é caiteachas na bliana seo €30,979k, ar a n-áirítear costais foirne de €20,887k. Leithdháileadh €97k ón deontas stáit
athfhillteach chun caiteachas caipitiúil a mhaoiniú.

Cuntas Caipitil

Fuair an coláiste sócmhainní seasta de €1,683k in iomláine i rith na bliana. B'é muirear dímheasa na bliana ná €3,115k agus laghdaigh glanluach na sócmhainní inláimhsithe ar an 31 Lúnasa 2012 síos go €49,280k.

Talamh & Foirgnimh

Tá sé i gceist ag an Oifig Luachála luacháil iomlán a dhéanamh ar Thailte & Foirgnimh agus ar chríochnú dóibh déanfar na luachanna a dhearbhófar a ionchorprú sna ráitis airgeadais. Nó go dtiocfaidh toradh ar an mbeart sin, déanfar an talamh a luacháil ar náid agus déanfar na foirgnimh a luacháil ar bhonn costais athsholáthair dímheasa. Deineadh sócmhainní seasta eile a bhí ann Eanáir 1993 a luacháil ar bhonn luacháil an mhargaidh oscailte chun iad a úsáid anois. Ráitear gach breis ina dhiaidh sin ar a gcostas féin.

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí
Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2012

	2012	2011
	€'000	€'000
Ioncam		
Deontas Stáit	14,371	15,410
Táillí Teagaisc	10,717	10,306
Amúchadh Deontaisí Caipitil Iarchurtha	3,115	2,889
Taighde, Deontaisí agus Conarthaí	1,388	1,871
Ioncam eile	2,095	1,860
Maoiniú Tacaíochta do Mhic léinn arna aithint	306	240
Ioncam Úis	227	195
	32,219	**32,771**
Caiteachas		
Ranna Acadúla	16,964	18,036
Seirbhísí Acadúla	1,761	1,841
Costas Áiseanna	2,818	3,649
Riarachán agus Seirbhísí Lánacha	3,561	4,087
Seirbhísí agus Taitneamhachtaí do Mhic léinn	1,005	897
Taighde, Deontaisí agus Conarthaí	1,449	1,872
Maoiniú Tacaíochta do Mhic léinn arna chur i bhfeidhm	306	240
Deímheas	3,115	2,889
	30,979	**33,511**
BARRACHAS OIBRÍOCHTA	**1,240**	**(740)**
ARNA nAISTRIÚ CHUIG CÚLCHISTÍ SRIANTA	(552)	(1,265)
BARRACHAS CARNAIHE AR AN 1 MEÁN FÓMHAR	2,695	4,700
BARRACHAS CARNAIHE AR AN 31 LÚNASA	**3,383**	**2,695**

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

Clár Comhardaithe amhail an 31 Lúnasa 2012

	2012	2011
	€'000	€'000
SÓMHAINNÍ SEASTA	49,280	50,712
SÓCMHAINNÍ REATHA		
Feichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	777	1,174
Airgead tirim sa bhanc agus ar láimh	10,952	10,510
	11,729	**11,684**
CREIDIÚNAITHE		
Creidiúnaithe agus Caiteachais fhabhraithe—Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliana amháin	(3,686)	(4,649)
GLANSHÓCMHAINNÍ SEASTA	**8,043**	**7,035**
IOMLÁN SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATA	**57,323**	**57,747**
Á dtaispeáint ag		
Deontaisí Caipitil Iarchurtha	49,280	50,712
Cuntas Ionaim agus Caiteachais	3,383	2,695
Cúlchiste Forbartha Chaipitil	4,660	4,340
	57,323	**57,747**


Caiteachas Caipitil
4%
0%
11%
20%
65%
Foirgnimh
Daingneáin & Feistis
Troscán & Tealamh
Tealamh Rialtais
Gléasra & Innealra


Foinsí Deontais Chaipitil
5%
15%
6%
0%
74%
Deontas Caipitil Stáit - Roinn Oid. & Eol.
Deontas Caipitil Stáit - Úd. Ardoid.
Leithdháilte ó Dheontas St. Athfhill.
Leithdháilte ó Chúlchisti Forb. Caip.
Foinsí eile


Caiteachas
25%
75%
Pá
Ábhair & Seirbhísí


Ioncam
5%
9%
49%
37%
Deontas Stáit
Táillí Teagaisc
Taighde & Comhairl.
Eile

Dualgaisí & Fógraí Reachtúla

Cód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit
Ghlac an Institiúid leis an gCód Cleachtais um Rialachas Chomhlachtaí Stáit, a d'fhaomhaigh an Rialtas, Deireadh Fómhair 2001, agus táthar tar éis céimeanna a thógaint chun a chinntiú go gcloífidh an Institiúid leis an gCód.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003
An aidhm atá le hAchtanna um Shonraí a Chosaint ná príobháideachas sonraí pearsanta an duine atáthar a phróisiú a chosaint. Dlitear cearta sna hAchtanna do dhaoine aonair chun cóip a fháil de gach sonra pearsanta a bhaineann leo agus atá ar coimeád ag an Rialaitheoir Sonraí. Is Rialaitheoir sonraí í Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí agus cloítear leis an reachtaíocht.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001
D'réir Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 soláthraíonn baill an Bhord Rialaithe ráitis leasa don Rúnaí gach bliain.

Comhionannas
Tá an Institiúid tiomanta don pholasaí um dheiseanna comhionannais agus glacann le cur chuige dearfa i leith chomhionannais san eagras. Oibríonn an Institiúid méid áirithe scéimeanna, agus roghnaithe á soláthar acu do bhaill foirne maidir lena riachtanais phearsanta agus ghairm bheatha, mar atá, páirtiú in obair, saoire staidéir, cláracha oideachais agus sosanna gairme.

Éifeachtacht Fuinnimh
Táthar ag féachaint san Institiúid ar bhealaí chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú laistigh den Institiúid.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997 agus 2003
Cuirtear forálacha Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, a leasaíodh trí Acht um Shaoráil Faisnéise 2003 (Leasaithe) ar an Institiúid Teicneolaíochta Trá Lí.

Tháinig an Institiúid fé théarmaí tagartha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1ú Deireadh Fómhair 2001.

Bunaítear trí cheart reachtaíochta do gach duine sa phobal san Acht sin, mar atá:
• An ceart ar thaifead atá ar coimeád ag boird phoiblí a rochtain
• An ceart ar eolas pearsanta a bhaineann leis an duine féin a chur á athrú má tá sé neamhshlán, mícheart nó míthreorach, agus
• An ceart ar cúiseanna a fháil maidir le cinntí a ghlacann comhlachtaí poiblí a bhaineann leat féin.

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
Foilsítear Tuarascálacha Bliantúla na hInstitiúide i bhfeidhm ó 2002/2003, Ráitis Airgeadais agus cáipéisí eile lena mbaineann go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, ag cloí le forálacha ginearálta an Achta. Tá an Institiúid ag obair trína Dréachtscéim d'fhonn a chinntiú gur féidir léi na cuspóirí atá leagtha amach inti a bhaint amach.

An tAcht um Íoc Pras-Chuntas, 1997
Leasaíodh an tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 (An tAcht) a tháinig i bhfeidhm ar an 2 Eanáir 1998 ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2002 (Íocaíocht Dhéanach i nGníomhaithe Tráchtala).

Déantar cleachtais íocaíochta na hInstitiúide a thuairisciú anseo thíos don mbliain dar críoch 31 Lúnasa 2010 fé mar a éilítear san Acht.

(a) Tá sé mar pholasaí ag Institiúid Teicneolaíocht Trá Lí a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá sain-nósanna imeachta ann a chuireann ar chumas na hInstitiúide gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar na híocaíochtaí roimh an spriocam. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear seiceanna/EFTanna fé mar is gá chun íocaíochtaí tráthúla a chinntiú.

(b) Comhshnaidhmítear sa chóras inmheánach rialála srianta agus nósanna imeachta a meastar a bheith riachtanach chun a chinntiú go gcloífear leis an Acht. Áirítear i gcóras rialála inmheánach na hInstitiúide cuntasaíocht agus srianta ríomhaireachta chun céannacht shonrasc agus chonarthaí a chinntiú chun íocaíocht a dhéanamh laistigh de na spriocdhátaí íocaíochta a shainmhínítear d'réir an Achta. Deineadh na srianta sin a dhearadh chun árachas réasúnta ach neamhiomlán i gcoinne neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Táirgeann Roinn na gCuntas tuairisc a shainaithníonn sonraisc fós neamhíoctha agus athbhreithnítear an tuairisc sin go rialta.

Is deimhin leis an lucht bainistíochta gur chloígh an Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí le forálacha an Achta i ngach gné ábhartha.

Níor tháinig aon fhorbairt ábhartha chun cinn ó 1 Meán Fómhair 2006.

Sonraí íocaíochtaí déanacha fén Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997.
7 an t-iomlán d'íocaíochtaí déanacha a raibh luach sonraisc níos mó ná €317 ag gabháil leo.
€74,552.00 an luach iomlán de shonraisc maidir le híocaíochtaí déanacha de bhreis ar €317.
B'é meánlíon na laethanta a ndearnadh moill san íocaíocht ná 70 lá.

Acht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005
D'réir Acht um Shábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair 2005 tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe ag an Institiúid a chuimsíonn na gnéithe go léir a bhaineann le leas na foirne, na mac léinn agus na gcuairteoirí.

Scéala Eile

Thug an tUachtarán faisnéisiú foirne ar an 1ú Meán Fómhair 2011.

Bhí bronnadh na gcéimeanna ar an Aoine, 29ú Deireadh Fómhair 2011.

Shínigh an IOTI Meamram Tuisceana le coláistí in Ontario a éascóidh aistriú mac léinn Ceanadach go Bliain 3 agus 4 de chláracha atá á dtairiscint ag na hInstitiúidí Teicneolaíochta sa réimsí Gnó, Turasóireacht, TF agus Innealtóireacht.

Dhaingnigh an Institiúid maoiniú tuairim is €100k ó Fhondúireacht Eolaíochta na hÉireann (SFI) chun tacú le taighde i réimse na Bith-theicneolaíochta. Forbairt nach beag é seo mar is é seo a chéad am a fuair an Institiúid maoiniú ón bhFondúireacht.

Deineadh tíolacadh d'Iar-uacharán na hInstitiúide Teicneolaíochta, Trá Lí, an tUas. Michael Carmody, ar an 16ú Nollaig 2011.

Reáchtáladh Comhdháil EUCAPA (Comhdháil Eorpach um Ghníomhaíocht Fhisiciúil Oiriúnaithe) ón 6-8ú Bealtaine 2012.

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí
Clais,
Trá Lí,
Co. Chiarraí
Guthán: 066-7145600
www.ittralee.ie